cetb

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Cork Education and Training Board

PLEAN SEIRBHÍSE

BOO CHORCAÍ

2018

Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOO Chorcaí 3

Brollach ó Phríomhfheidhmeannach BOO Chorcaí 3

Achoimre Náisiúnta ar Bhoird Oideachais & Oiliúna 4

Struchtúr Geografach 4

Bunoideachas 5

Iar-bhunoideachas 5

Breisoideachas & Oiliúint 5

Seirbhísí na nÓg 5

ETBI (Boird Oideachais & Oiliúna Éireann) 5

Bord Oideachas & Oiliúna Chorcaí 6

Plean Seirbhíse2018 6

Ráiteas ar Sheirbhísí – Scoileanna 8

Bunscoileanna 8

Athchumrú na mBunscoileanna 8

Iar-bhunscoileanna 8

Rolluithe réamh-mheasta i Scoileanna Iar-bhunscoileanna Aitheanta in aghaidh an Chláir do Mheán Fómhair 2018 17

Ráiteas ar Sheirbhísí – Breisoideachas & Oiliúint 19

Breisoideachas agus Oiliúint - Achoimre 19

Raon an tSoláthair Oideachais agus Oiliúna de chuid BOO Chorcaí .... **Error! Bookmark not defined.**

Tuarascálacha ar Bhreisoideachas agus Seirbhísí Oiliúna ..... **Error! Bookmark not defined.**

Coláistí Breisoideachais (PLC) ..... **Error! Bookmark not defined.**

Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí) ..... **Error! Bookmark not defined.**

Aonad Oibre don Ógra de chuid BOO Chorcaí ..... **Error! Bookmark not defined.**

Ógtheagmháil ..... **Error! Bookmark not defined.**

Litearthacht d'Aosaigh ..... **Error! Bookmark not defined.**

Oideachas Pobail ..... **Error! Bookmark not defined.**

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) ..... **Error! Bookmark not defined.**

An tSeirbhís Treorach Chorcaí ..... **Error! Bookmark not defined.**

Ráiteas ar Sheirbhísí – Tacaíocht Eagrúcháin ..... **Error! Bookmark not defined.**

Caipiteal & Soláthar ..... **Error! Bookmark not defined.**

Dlí & Comhlíonadh (L&C) ..... **Error! Bookmark not defined.**

Seirbhísí Corparáide ..... **Error! Bookmark not defined.**

Acmhainní Daonna ..... **Error! Bookmark not defined.**

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide ..... **Error! Bookmark not defined.**

Airgeadas ..... **Error! Bookmark not defined.**

Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOO Chorcaí

Mar Chathaoirleach ar BOO Chorcaí, táim bródúil as an bPlean Seirbhíse do 2018 a chur i láthair. Léiríonn an Plean Seirbhíse seo na téamaí, na tosaíochtaí agus na gníomhartha atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí 2017 – 20121. Táim an-mhuiníneach, trí na cuspóirí atá leagtha amach chun cur i gcrích i rith 2018 a nascadh leis an Ráiteas Straitéise, go dtugtar trédhearcacht don obair luachmhar a dhéanann foireann BOO Chorcaí agus go gcuirtear BOO Chorcaí chun cinn mar sheirbhís roghnaithe d'fhoghlaimeoirí agus do pháirtithe leasmhara.

Clr. Patrick Gerard Murphy

Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Brollach ó Phríomhfheidhmeannach BOO Chorcaí

Déantar sa Phlean Seirbhíse seo cur síos ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag BOO Chorcaí do 2018. Tá réimse na seirbhísí a chuirtear ar fáil fairsing agus léiríonn sé an daonra ilchultúrtha agus atá ag fás sa réigiún.

D'fhoilsigh BOO Chorcaí a chéad Ráiteas Straitéise ina leagadh amach na téamaí straitéiseacha don eagraíocht agus na tosaíochtaí agus gníomhartha iarmhartacha a chuirfidh BOO Chorcaí i gcrích ó 2017 go dtí 2021. Is éard atá sa Ráiteas seo próiseas comhairliúcháin le raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ár bhfoghlaimeoirí, an fhoireann, an pobal gnó agus an pobal. Dá bhrí sin, tá na téamaí seo thar a bheith tábhachtach sa mhéid is go léiríonn siad an méid atá tábhachtach don eagraíocht agus do mhuintir Chorcaí.

Creidim go bhfuil tábhacht ag baint le Ráiteas Straitéise a bheith ina dhoiciméad beo, a leagann amach plean oibre don eagraíocht maidir le gnóthachtálacha agus aidhmeanna. Mar atá an scéal le plean oibre ar bith, ní mór clocha míle a bheith ann lena chinntiú go mbaintear spriocanna deiridh amach. Is sraith spriocanna é an Plean Seirbhíse seo sa mhéid is go leagann sé amach an méid a chuirfimid i gcrích i rith 2018 agus an chaoi ina ndéanfar seachadadh na dtosaíochtaí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise a chomhlíonadh.

Mar eagraíocht seirbhíse, tá an cumas ag BOO Chorcaí cláir oideachais agus oiliúna cuí agus ábhartha a chur ar fáil thar a bheith tábhachtach maidir le seirbhís éifeachtach, éifeachtúil agus cuntasach a áirithiú d'fhoghlaimeoirí. Ní féidir na seirbhísí seo a chur ar fáil ach amháin trí dhúthracht agus tiomantas leanúnach na foirne uile a chinntíonn trína gcuid iarrachtaí ar bhonn laethúil go leanfar le fás BOO Chorcaí agus go leanfar leis mar oideoir roghnaithe do mhuintir Chorcaí.

An tUas. Timothy Owens

Príomhfheidhmeannach

Achoimre Náisiúnta ar Bhoird Oideachais & Oiliúna

Is iad BOOnna údaráis reachtúla atá freagrach as oideachas agus oiliúint, as obair óige agus as raon feidhmeanna reachtúla eile. Bainistíonn agus oibríonn na BOOnna scoileanna dara leibhéal, coláistí breisoideachais, scoileanna náisiúnta pobail ilchreidmheacha agus raon ionad oideachais do dhaoine fásta agus breisoideachais a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil. Tá feidhmeanna ginearálta Bhord Oideachais agus Oiliúna leagtha amach in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Struchtúr Geografach

Tá sé BOO déag (16) san iomlán ar fud na tíre, agus iad cumraithe mar seo a leanas;

Bunoideachas

Tá BOOnna ina bpatrúin ag roinnt scoileanna náisiúnta pobail. Tá na scoileanna seo, atá bunaithe i bpobail áitiúla, dírithe ar leanaí agus iad cuimsitheach, ilchreidmheach, urraithe ag an Stát agus ag iarraidh bunoideachas ardchaighdeáin a sholáthar do gach leanbh de réir Churaclam na Bunscoile agus na dtreoirlínte atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Iar-bhunoideachas

Bainistíonn COOnna aon trian de na scoileanna dara leibhéal ar fad sa tír, ag soláthar iar-bhunoideachais do níos mó ná 100,000 mac léinn. Feidhmíonn siad beartais ionchuimsitheacha nó ilchreidmheacha cláraithe agus freastalaíonn siad ar dhaltaí de gach cumas agus ó gach cúlra.

Breisoideachas & Oiliúint

Cuireann BOOnna cláir bhreisoideachais agus oiliúna ar fáil do níos mó ná 200,000 duine fásta gach bliain. Seachadtar seirbhísí trí chláir lánaimseartha agus pháirtaimseartha i gColáistí Breisoideachais, in Ionaid Oiliúna, in Ionaid Ógtheagmháil agus i suíomhanna áitiúla agus pobail.

Seirbhísí na nÓg

Trína Seirbhísí Óige, soláthraíonn agus tacaíonn BOOnna raon clár do dhaoine óga, arna maoiniú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, cláir a sheachadtar i gcomhar le hEagraíochtaí Óige.

ETBI (Boird Oideachais & Oiliúna Éireann)

Is é ETBI an comhlacht náisiúnta ionadaíochta do BOOnna atá ina mbaill, agus déanann sé idirphlé ar son na hearnála BOO i bhfóraim éagsúla laistigh den earnáil oideachais, sa tseirbhís phoiblí níos leithne agus ag an leibhéal AE.

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí faoin Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as treoir agus rialú cuí dá chuid fheidhmeanna i gceantair údaráis áitiúil Chathair Chorcaí agus Chomhairle Contae Chorcaí.

Plean Seirbhíse 2018

Is é seo an chéad Phlean Seirbhíse ó foilsíodh Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí 2017 - 2021. Cé go leagtar amach sa Ráiteas Straitéise ár dtosaíochtaí agus ár n-aidhmeanna thar thréimhse 5 bliana, tá sé tábhachtach go bhfuil próiseas ann chun tacú lena seachadadh.

Ráiteas 5 bliana

Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí

As a dTagann

Timthriall Pleanála Bliantúil



Tá sé tábhachtach do BOO Chorcaí go mbaintear úsáid as an bpróiseas thuas chun trédhearcacht agus soiléireacht na críche a áirithiú agus fócas a choinneáil ar obair ghníomhach chun an méid atá leagtha amach againn a bhaint amach thar shaolré an Ráitis Straitéise. Chun tacú le seachadadh ar na tosaíochtaí, na gníomhartha agus na torthaí, aithnítear Ceannairí agus Urraitheoirí Tionscadail i ngach réimse den soláthar.

Tá róil na gCeannairí agus na nUrraitheoirí Tionscadail sainmhínithe mar seo a leanas;

Ceannaire Tionscadail:

Tá an Ceannaire freagrach as seachadadh na gníomhaíochta a threorú trí chomhoibriú le comhghleacaithe Bainistíochta agus le comhghleacaithe eile de réir mar is cuí chun an toradh pleanáilte a sheachadadh.

Urraitheoir:

Chun tacú leis an gCeannaire trí chruinnithe ar bhonn rialta chun a áirithiú go bhfuil an dul chun cinn mar is ceart agus chun cabhrú le saincheisteanna oscailte a réiteach. Chomh maith leis sin chun cuidiú le háirithiú go mbaintear amach na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo tríd an ngníomh a chur i gcrích.

Ráiteas ar Sheirbhísí – Scoileanna

Bunscoileanna

Tá BOO Chorcaí ina phatrún ag 2 Scoil Náisiúnta Pobail (CNS). I gcás BOO Chorcaí, is tús nua againn ár rannpháirtíocht i mbunoideachas in Éirinn.

- Scoil Náisiúnta Pobail Aonghusa, Carraig Dhúin, Mala
- Scoil Náisiúnta Pobail Chlíodhna, An Taobh Thiar, Carraig Thuathail

Leanfaidh BOO Chorcaí le comhairle agus tacaíocht oideachais, airgeadais, acmhainní daonna agus tógála a chur ar fáil do gach ceann de na scoileanna seo, mar aon le tacaíocht dá rialachas agus bhainistíocht iomlán. Bunaíodh Boird Bhainistíochta freisin agus cuireadh oiliúint ar fáil chun cur ar a gcumas a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

Athchumrú na mBunscoileanna

Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) Próiseas d'Athchumrú Scoileanna um Éagsúlacht le dul i ngleic le tiomantas an Chláir don Rialtas 2016 chun líon na scoileanna ilchreidmheacha agus neamhchreidmheacha a mhéadú d'fhonn 400 scoil a bhaint amach faoi 2030.

Tá freagrachtaí ag BOOnna, mar údaráis reachtúla, faoin Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013 chun soláthar oideachais ina réimsí feidhme a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú agus a athbhreithniú.

Iarrfar ar phatrúin sainchreidmheacha atá ann cheana breithniú a dhéanamh ar sholáthar bunscoile atá ann cheana féin a athchumrú i gcomhairle le pobail scoile áitiúla, trí scoil feidhmiúil atá ann cheana féin a aistriú chuig pátrún ilchreidmheach nó neamhchreidmheach. Tá dhá chéim ar leithleach agus ar leith ag baint leis an obair seo, mar atá an *Chéim Aitheantais* tosaigh agus an *Céim Fheidhmiúcháin* ina dhiaidh sin.

Cuireadh tús leis an obair ar an gcéim aitheantais tosaigh agus leanfar leis sin i rith 2018.

Scoileanna Iar-bhunscoile

Tá BOO Chorcaí ina phatrún ag 28 gcoláiste iar-bhunscoile. Áirítear leis seo 4 Choláiste Breisoideachais a thuairiscítear faoin rannóg um Breisoideachas agus Oiliúint. Is coláiste Pobail ainmnithe iad dhá cheann déag de na coláistí seo, agus comhaontú ann leis an easpag Caitliceach Rómhánach áitiúil maidir le rannpháirtíocht na deoise i rialachas an choláiste. Cuireann BOO Chorcaí réimse seirbhísí ar fáil do na scoileanna seo, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, acmhainní daonna, tógála, TFC agus rialachais chomh maith le tacaíocht phleanála oideachais.

Tá BOO Chorcaí ina chomhphatrún freisin le deoise nó ord reiligiúnach de 12 scoil phobail i gCorcaigh.

Táthar ag súil go mbeidh méadú de 635 mac léinn ar fud ár n-iar-bhunscoileanna aitheanta i Meán Fómhair 2018. Is méadú suntasach é seo agus tá BOOC páirteach go gníomhach i sa phleanáil agus sa seachadadh de roinnt tionscadal suntasach tógála chun freastal ar an bhfás réamh-mheasta.

Ina theannta sin, soláthraíonn BOO Chorcaí roinnt suíomhanna oideachais de chineál iar-bhunscoile chun tacú le soláthar iar-bhunoideachais do mhic léinn nach bhfuil sa soláthar príomhshrutha. Tá na suíomhanna seo i bhfoirm d'aonaid chúram speisialta, ard-thacaíochta agus chúram cónaithe, Ard Álainn, St Stephens, Gleann Maghair agus Éist Linn, an Dúcharraig.

Tosaíochtaí Straitéiseacha do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna/Coláistí a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh an Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh na Tosaíochta)	**Gníomhartha**	**Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)**	**Ceannaire**	**Urraitheoir**
1.1 Taithí dearfach agus iomlánaíoch dírithe ar fhoghlaim a sholáthar do gach foghlaimeoir	→ Oibreoimid chun forbairt phearsanta ár bhfoghlaimeoirí uile a chur chun cinn agus a chothú chun feabhas a chur ar a leas mar bhaill dár bpobail fhoghlama.	An Clár um Fholláine an Timthrialla Shóisearaigh a chur i bhfeidhm go hiomlán	Múinteoirí Príomhoide	SMTanna Scoile Stiúrthóir Scoilear
	→ Beidh páirt ghníomhach againn sa chlár athchóirithe reatha mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta DES 2016-2019, a bhfuil sé mar aidhm aige scileanna criticiúla, eolas agus inniúlachtaí na bhfoghlaimeoirí go léir a chothú agus a fhorbairt	Deiseanna a aithint chun dea-chleachtas idir ár scoileanna a chomhroinnt Dul i dteagmháil leis an bpróiseas comhairliúcháin tosaigh atá á dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Ardteistiméireachta	Príomhoide	Stiúrthóir Scoilear SMTanna Scoile
	→ Beimid ag obair go gníomhach chun torthaí a fheabhsú i measúnuithe scoile foirmiúla agus scrúduithe stáit trí fhoghlaim agus teagasc maith a chur chun cinn	Torthaí na hArdteistiméireachta a athbhreithniú ar fud na n-ábhar go léir i ngach scoil Réimsí sonracha/ábhair shonracha a aithint agus	Ranna Ábhair Ranna Ábhair Ranna Ábhair	SMTanna Scoile SMTanna Scoile

	→ Déanfaimid iarracht ár bhfoghlaimeoirí a mhealladh go gníomhach i ndáil leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad agus an méid a fhoghlaimíonn siad trí úsáid a bhaint as aiseolas mac léinn a chur chun cinn mar chuid dhílis de; a) próiseas féinmheastóireachta ár Scoile	idirghabhálacha a dhíriú chun feidhmíocht san Ardteistiméireacht a fheabhsú Réimsí/ábhair láidreachta i scoileanna aonair a aithint. Straitéisí/modhanna teagaisc ar leith in úsáid ag na ranna ábhair seo a aithint agus iarracht a dhéanamh an dea-chleachtas seo a chomhroinnt Díreofar in 2018 ar dhul i dteagmháil tuilleadh le tionscadal taighde amháin náisiúnta agus tionscadal taighde amháin idirnáisiúnta 1. Clár Ceannaireachta Institiúideach 2. Tionscadal Taighde Erasmus Guth do Mhic Léinn de chuid NCCA	Príomhoidí	Stiúrthóir Scoilear
1.2 Teagasc, oiliúint agus foghlaim den scoth a chur ar fáil do chách	→ Cuirfimid úsáid as an tsamhail Féinmheastóireachta Scoile chun cinn mar mhodh le feabhas a chur ar scoileanna/coláistí	Torthaí agus moltaí Tuarascálacha Cigireachta Scoile, Mór Thuairisc agus WSE-MLL a thuairisciú chuig BOOC Freagróidh scoileanna aonair do gach moladh laistigh de theorainneacha ama comhaontaithe Déanfar plean gníomhaíochta a chomhaontú le foireann na scoile agus leis an BOM Déanfar athbhreithniú ar an	Príomhoide SMTanna na Scoile Aonair SMTanna na Scoile Aonair SMTanna na Scoile Aonair	Stiúrthóir Scoilear Príomhoide Príomhoide Príomhoide

	→ Déanfaimid moltaí Mhór Thuairisc/WSE-MLL agus tuarascálacha Cigireachta Scoile a chur chun cinn, a athbhreithniú agus, nuair is cuí, a chur chun feidhme	dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na moltaí laistigh de 1 bhliain ó eisiúint na tuarascála cigireachta	Príomhoide	Stiúrthóir Scoilear
		Torthaí agus moltaí Tuarascálacha Cigireachta Scoile, Mór Thuairisc agus WSE-MLL a thuairisciú chuig BOOC	SMTanna agus BOM Scoile	Príomhoide
		Freagróidh scoileanna aonair do gach moladh laistigh de theorainneacha ama comhaontaithe	SMTanna Scoile SMTanna na Scoile Aonair	Príomhoide Príomhoide
		Déanfar plean gníomhaíochta a chomhaontú le foireann na scoile agus leis an BOM		
	→ Bainfimid úsáid as taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta chun dea-chleachtas a aithint agus chun dul i dteagmháil leis maidir le pobail fhoghlama láidre a thógáil, agus dul i ngleic le tionscadail agus tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn cur go dearfach leis na pobail sin	Déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na moltaí laistigh de 1 bhliain ó eisiúint na tuarascála cigireachta	Príomhoidí Scoileanna Rannpháirteacha	Stiúrthóir Scoilear
		Díreofar in 2018 ar dhul i dteagmháil tuilleadh le tionscadal taighde amháin náisiúnta agus tionscadal taighde amháin idirnáisiúnta	Príomhoidí Scoileanna Rannpháirteacha	Stiúrthóir Scoilear
		1. Clár Ceannaireachta Institiúideach		
		2. Tionscadal Taighde Erasmus Guth do		

		Mhic Léinn de chuid NCCA Cuirfimid tús le clár píolótach le haghaidh folláine na mac léinn ag leibhéal na bunscoile agus tabharfaimid an clár sin chun críche		
1.3 Timpeallachtaí foghlama dearfacha a bhfuil acmhainní oiriúnacha iontu	→ Leanfaimid le feabhsuithe ar fhoirgnimh agus áiseanna scoile STB Corcaigh a aithint agus déanfaimid forbairt orthu siúd de réir riachtanas an fhoghlaimeora agus an maoiniú is gá á lorg agus á chur ar fáil againn	Obair le Príomhoidí agus Boird Bhainistíochta na scoile chun riachtanais láithreacha dheisiúcháin agus athchóirithe i scoileanna a aithint. An maoiniú is gá a lorg chun na feabhsuithe seo a dhéanamh. Córas bunaithe ar chritéir a chur i bhfeidhm chun acmhainní a dháileadh d'fhonn foirgnimh scoileanna a dheisiú agus a athchóiriú Obair le Príomhoidí scoile agus Boird Bhainistíochta chun riachtanais dheisiúcháin agus athchóirithe na bhfoirgneamh scoile sa todhchaí a mheas agus a phleanáil agus cur chuige ilbhliantúil a chur i bhfeidhm maidir leis an obair seo	Príomhoide Scoile Stiúrthóir Scoileanna Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí	Stiúrthóir Scoilear Stiúrthóir OSD (tionscadail chaipi Príomhfheidhmea Stiúrthóir Scoilear Stiúrthóir OSD (tionscadail chaipi
2.2 Tacú le forbairt ghairmiúil ár ndaoine	→ → Déanfaimid cultúr forbartha agus tacaíocht ghairmiúil don fhoireann ar fad a chothú tríd an soláthar dírithe de thionscnaimh fhoghlama agus fhorbartha chuí d'fhonn a gcuid	Fóraim Phríomhoidí BOOC a bhunú ar fud bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna agus coláistí FET Fóraim Leas-Phríomhoidí BOOC a bhunú ar fud	Stiúrthóir Scoileanna agus FET Stiúrthóir Scoileanna agus FET	CE CE

	eolais agus cumais a fheabhsú agus a fhorbairt	scoileanna bunscoile, iarbhunscoile agus scoileanna agus coláistí FETEstablish	Príomhoidí	Stiúrthóir Scoilear agus FET
		Clár meantóireachta inmheánach BOOC a fhorbairt do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí uile	PDST agus CSL	Stiúrthóir Scoilear agus FET
		Beidh na Príomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí nua go léir páirteach sna cláir Misneach agus Tánaiste faoi seach	PDST agus CSL	Stiúrthóir Scoilear agus FET
		Spreagfar na Príomhoidí nua go léir chun páirt a ghlacadh sna ceardlanna ETBI do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nua	Príomhoidí	Stiúrthóir Scoilear agus FET
	→ → Cuirfimid cláir CPD chun cinn go gníomhach, cláir a sheachadtar trí Sheirbhís Forbartha Ghairmiúil DES do Mhúinteoirí agus cuirfimid ar chumas ár bhfoirne páirt a ghlacadh iontu	Déanfaidh príomhoidí iarracht ceannairí ionchasacha a aithint agus iad a spreagadh chun leas a bhaint as an inseirbhís náisiúnta atá ar fáil	Príomhoidí	Stiúrthóir Scoilear
	→ Déanfaimid cumas ceannaireachta a chothú trí thacú le baill foirne chun leas a bhaint as cláir fhoghlama, fhorbartha agus mheantóireachta agus chun páirt a ghlacadh i róil cheannaireachta laistigh dá scoil/lárionad agus	A áirithiú go mbíonn gach ball foirne páirteach go hiomlán i gCláir Forbartha Gairmiúla náisiúnta, amhail an clár JCT	Stiúrthóir Scoileanna, Stiúrthóir FET	CE
		Leanfaimid le Fóraim Phríomhoidí BOOC a fhorbairt ar fud bunscoileanna, iar-bhunscoileanna	Stiúrthóir Scoileanna, Stiúrthóir FET	Stiúrthóir Scoilear agus FET

	ar fud BOO Chorcaí nuair is cuí	agus scoileanna agus coláistí FET		Stiúrthóir Scoilear agus FET
		Fóraim Leas-Phríomhoidí BOOC a bhunú ar fud bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna agus coláistí FET	Príomhoidí	
		Clár meantóireachta inmheánach BOOC a fhorbairt do na Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nua go léir	PDST agus CSL	Stiúrthóir Scoilear agus FET
		Beidh na Príomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí nua go léir páirteach sna cláir Misneach agus Tánaiste faoi seach	Stiúrthóir Scoileanna agus Fóraim FET	Stiúrthóirí Scoilea agus FET
	→ Múnla tacaíochta a fhorbairt, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, rud a éascaíonn scaoileadh na foirne chun deiseanna CPD ábhartha agus cuí a ghlacadh	Spreagfar na Príomhoidí nua go léir chun páirt a ghlacadh sna ceardlanna ETBI do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nua	Príomhoidí	Stiúrthóirí Scoilea
		Déanfaidh príomhoidí iarracht ceannairí ionchasacha a aithint agus iad a spreagadh chun leas a bhaint as an inseirbhís náisiúnta atá ar fáil	Príomhoidí	Stiúrthóirí Scoilea
	→ Cur ar chumas na foirne go léir páirt a ghlacadh i gcomhlachtaí náisiúnta maidir le tionscnaimh bheartais náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus tacú lena rannpháirtíocht	A áirithiú go mbíonn gach ball foirne páirteach go hiomlán i gCláir Forbartha Gairmiúla náisiúnta, amhail an clár JCT	Príomhoidí	
		A áirithiú go mbíonn gach ball foirne páirteach go hiomlán i gCláir Forbartha Gairmiúla		

		náisiúnta, amhail an clár JCT Spreagfaimid agus éascóimid an fhoireann uile ar mian leo páirt a ghlacadh i dtionscnaimh bheartais náisiúnta laistigh de na hacmhainní atá ar fáil		
2.3 Timpeallacht dhearfach, ghairmiúil agus thacaíochta a sholáthar don fhoireann go léir	→ Tabharfaimid tacaíocht dár gCeannairí maidir le caidreamh dearfach foirne a chur chun cinn trí fhaisnéis, oiliúint agus comhairle leanúnach a sholáthar i ndáil le príomhscileanna bainistíochta agus ceannaireachta → Déanfaimid deiseanna a iniúchadh agus a fhorbairt tuilleadh trí úsáid a bhaint as cumais TFC, maidir le conas deiseanna a sholáthar do phobail ghairmiúla a chruthú i measc na foirne mar iarracht cuidiú leo chun tacú lena chéile i seachadadh oideachais agus oiliúna	Cuirfear ceardlanna ar phríomhscileanna ceannaireachta agus bainistíochta ar fáil dár bPríomhoidí go léir Forbróidh gach scoil Straitéis Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíochta de réir na dtreoirlínte náisiúnta Bunófar infheistíocht TFC sa todhchaí i scoileanna ar chur chun feidhme na straitéise seo	Bainisteoirí BOOC SMTanna Scoile, Foireann Chomhordaithe TFC Scoile SMTanna Scoile	Stiúrthóirí Scoilea agus FET Príomhoifigeach C TFC Stiúrthóirí Scoilea FET agus OSD
3.2 Tionscnaimh nua a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt i gcuraclam na bunscoile	→ An Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a chur i bhfeidhm → An curaclam teanga nua a chur i bhfeidhm go hiomlán → An straitéis nua ST a chur i bhfeidhm	Leanfaimid leis an straitéis seo a chur i bhfeidhm Cuirfimid an curaclam seo i bhfeidhm Cuirfimid an straitéis seo i bhfeidhm	Múinteoirí Múinteoirí Múinteoirí	Príomhoidí Múinteoirí Múinteoirí
4.4 Branda láidir inaitheanta	→ Déanfaimid gnóthachtálacha ár	Beidh nós imeachta i bhfeidhm ag gach	SMTanna Scoile	Príomhoidí Scoile

BOO Chorcaí a fhorbairt	bhfoghlaimeoirí agus ár bhfoirne a aithint agus a cheiliúradh mar bhealach chun cultúr sármhaitheasa a thacú agus a chothú	scoil chun éachtaí na mac léinn agus na foirne a aithint agus a cheiliúradh	Roinn Seirbhísí Corparáide	Stiúrthóirí Scoilea
		Beidh searmanas ag BOOC chun gnóthachtálacha suntasacha ár ndaltaí sna hArdteistiméireachta agus sna Cláir Ardteistiméireachta Fheidhmeacha BOOC a aithint	Roinn Seirbhísí Corparáide	Stiúrthóirí Scoilea
		I gcás ina bhfuil gnóthachtálacha suntasacha ag mic léinn/scoileanna aonair nó ag roinnt mac léinn/scoileanna, déanfaidh BOOC é seo a aithint ar cheann amháin de dhá bhealach (an dá bhealach, más cuí) (a) Searmanas ar leith in onóir na gnóthachtála (b) An mac léinn (na mic léinn)/(an scoile/na scoileanna) a chur i láthair BOOC	Stiúrthóirí Scoileanna	CE
	→ Seachadfar ar ghealltanais a thugtar i Scéim na dTeangacha Gaeilge Oifigiúla laistigh de shaolré na scéime reatha	Fóram Gaeloideachais do scoileanna BOOC a chur ar bun		Stiúrthóirí Scoilea
	→ Tabharfaimid tacaíocht do scoileanna/coláistí maidir le cur i bhfeidhm Bheartas DES ar Oideachas Gaeltachta 2017-2022	Cúnamh airgeadais a sholáthar maidir le táillí a íoc le haghaidh foirne ar mian leo breisoideachas agus oiliúint a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge nuair nach bhfuil an	Cúntóir AD agus Airgeadais Príomhoifigeach Roinn Seirbhísí Corparáide	Stiúrthóirí Scoilea

		maoiniú sin ar fáil ó aon fhoinse eile Páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin d'fhonn post d'Oifigeach Gaeilge a bhunú laistigh de BOOC		

Rolluithe réamh-mheasta i Scoileanna Iar-bhunscoileanna Aitheanta in aghaidh an Chláir do Mheán Fómhair 2018

Scoil/Coláiste	Uimhir Rolla	Iomlán an tSoláthair Iar-	Soláthar Iar-Ardteistiméireachta	Iomlán in aghaidh an Choláiste

		bhunscoile		
Coláiste Pobail Charraig Thuathail	76333G	177		177
CP Chloich na Coillte	70950A	585	15	600
CP Áth an Chóiste	70960D	713		713
CP an Chóibh	70970G	287	15	302
Coláiste an Chraoibhín (Mainistir Fhear Maí)	70990M	842		842
Coláiste Choilm (Baile an Chollaigh)	71103K	1383		1383
Coláiste Daibhéid	71124S	222		222
Coláiste Ghobnatan (Baile Bhuirne)	70920O	207		207
Coláiste Pobail (Beanntraí)	76090G	678	24	702
Coláiste Pobail Naomh Mhuire (Cill na Mallach)	76067L	402		402
Coláiste Stiofáin Naofa	71122O	0	750	750
Coláiste Treasa (Ceann Toirc)	71000A	515		515
Coláiste na Tráchtála	71120K	110	1780	1890
Coláiste Davis (Mala)	71020G	818		818
Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin	76273O	101		101
CP Ghleann Maghair	76064F	1061		1061
Coláiste Breisoideachais Mhala	76434M	0	450	450
CP Maria Immaculata, Dún Mánmhaí	76086P	483		483
Coláiste McEgan (Maigh Chromtha)	71030J	175	66	241
CP Nagle	71110H	203		203
CP na Scoile	71102I	372		372
Scoil Mhuire, Bhéal Átha an Ghaorthaidh	70931T	101		101
CP San Aidan, Cnoc Bhaile Átha Cliath	71101G	409		409
Coláiste San Brogan, Droichead na Bandan	70910L	566	351	917
CP Colmán, Mhainistir na Corann	71050P	771	130	901
CP San Fanahan, Baile Mhistéala	71040M	271	50	321
Coláiste Láir Eoin	71121M	0	900	900
CP Terence MacSwiney	71123Q	172	115	287
Iomlán in aghaidh na Scéime		11642	4646	16270

Ráiteas ar Sheirbhísí – Breisoideachas & Oiliúint

Breisoideachas agus Oiliúint - Achoimre

Soláthraíonn BOO Chorcaí raon leathan agus cuimsitheach de chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna (FET) trína sheirbhísí éagsúla FET a ceapadh chun freastal ar riachtanais oideachais, eacnamaíochta agus sóisialta dhaoine aonair, idir fhostaithe agus dhífhostaithe, agus pobal. Ina theannta sin, tá seirbhísí FET de chuid BOO Chorcaí dírithe ar riachtanais ghnólachtaí agus fhostóirí sa réigiún a chomhlíonadh le haghaidh fostaithe atá oilte go cuí, trí oideachas agus oiliúint tosaigh (réamhfhostaíocht) agus an soláthar d'oiliúint leanúnach (sa phost).

Leis an Straitéis Náisiúnta Breisoideachais 2014-2019 agus an Plean Corparáideach SOLAS 2017-2019, i measc eile, treoir ar fáil do sheirbhísí agus do chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna, agus iad faoi thionchar ag na beartais eacnamaíocha agus sóisialta mar a chinneann an tOireachtas.

Bliain dúshlánach a bhí in 2017, agus ag an am céanna ba bhliain dhearfach í maidir le seirbhísí FET de chuid BOO Chorcaí. Mar gheall ar an staid eacnamaíoch feabhsaithe, bhí athrú béime agus fócais ag teastáil ar roinnt seirbhísí, agus laghdú ag teacht fós ar líon na n-iarratasóirí ar chúrsaí oideachais agus oiliúna. Cé go raibh an soláthar do dhaoine dífhostaithe agus dóibh siúd a bhí ag lorg oibre fós ina chroíchuspóir, bhí riachtanas ann líonta agus próifílí na ndaoine a bhí ag clárú ar chláir a mhionathrú agus a oiriúnú i rith na bliana.

Aithnítear príomhphointí agus príomhréimsí gníomhaíochta sna tuarascálacha atá sonrach do chláir a leanann sa chuid seo. Mar sin féin, tá roinnt pointí tábhachtacha le tabhairt d'aire ó dhearcadh foriomlán, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Thug BOO Chorcaí a chlár píolótach le SOLAS chun deiridh chun cur chuige maidir le pleanáil straitéiseach agus maoiniú a iniúchadh a bheadh mar bhonn le múnla pleanála straitéiseach nua d'earnáil an BOO sa todhchaí. Bhí an-tionchar ag an gclár píolótach seo ar an gcur chuige atá á ghlacadh ag SOLAS maidir le pleanáil agus maoiniú in 2018

- Bhí BOO Chorcaí ar cheann de na chéad BOOnna chun an próiseas Féinmheastóireachta Feidhmiúcháin a thabhairt chun deiridh, rud a éilíonn QQI mar chuid dá rannpháirtíocht fhoirmiúil leis na BOOnna mar aonáin reachtúla. Tríd an bPlean Feabhsúcháin Cáilíochta agus Forbartha a tháinig chun cinn ón bpróiseas seo, déanfar gníomhaíocht sa réimse seo do 2018 a threorú agus a stiúradh, de réir mar a dhéanann an BOO ullmhúcháin le haghaidh Athbhreithnithe Reachtúil ar a chuid oibríochtaí in 2019.

Raon an tSoláthair Oideachais agus Oiliúna de chuid BOO Chorcaí

Cuireann BOO Corcaigh, trína sheirbhísí FET, raon leathan clár agus cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil i raon leathan de réimsí do dhaonra suntasach d'fhoghlaimeoirí fásta agus d'fhoghlaimeoirí iar-mheánoideachais. Cuirtear cláir agus cúrsaí FET ar fáil i raon áiteanna ar fud an réigiúin. Áirítear leis na cláir a chuirtear ar fáil trí sheirbhís FET de chuid BOO Chorcaí ná iad seo a leanas:

- Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
- Printíseachtaí
- Cúrsaí Oiliúna
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)
- Litearthacht d'Aosaigh
- Bunoideachas Dian d'Aosaigh (ITABE)
- Oideachas Pobail
- Oiliúint ar Scileanna ar Leith
- Ógtheagmháil
- Ionaid Oiliúna Pobail
- Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
- Seirbhís Oideachais Príosún
- Seirbhís Príosún Iarscaoilte
- Scileanna le haghaidh Oibre
- Comhoibriú le forais eile

Tuarascálacha ar Bhreisoideachas agus Seirbhísí Oiliúna

Coláistí Breisoideachais (PLC)

Lean Coláistí Breisoideachais BOOC le raon agus próifíl de chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a chur ar fáil, cosúil leo siúd a seachadadh sa bhliain roimhe sin. Cé go ndearna coláistí, nuair ab fhéidir, cúrsaí a oiriúnú agus a mhodhnú chun freastal ar an margadh saothair áitiúil agus ar riachtanais an fhoghlaimeora, bhí an cumas laistigh den BOO chun foráil a dhéanamh ar chúrsa iomlán nua a fhorbairt agus a thabhairt isteach teoranta go suntasach, mar gheall ar easpa solúbthachta foriomlán a cruthaíodh mar gheall ar líon rolluithe a bhí ag titim agus laghduithe i leithdháileadh iomlán an mhúinteora mar gheall ar an titim i rolluithe sa bhliain roimhe sin.

Tháinig laghdú ar rolluithe ar fud na gcoláistí agus na n-ionad go léir a thairgeann cúrsaí PLC don bhliain acadúil 2017-2018, go dtí 4,544, ó 4,832 sa bhliain roimhe sin. Bhí an-tionchar ar rolluithe i gcúrsaí ag an staid eacnamaíoch atá ag athrú, agus ag an mbeartas leanúnach atá á ghlacadh ag an earnáil Ardoideachais chun rolluithe a mhéadú agus na ceanglais maidir le pointí CAO a laghdú ar mhórán cúrsaí. Mar fhocal dearfach, bhí bunú an champais Chorcaí Thiar de Choláiste na Tráchtála thar a bheith rathúil, mar gheall ar iarrachtaí na foirne agus na bainistíochta sa dá áit, agus leibhéal suntasach dea-thola ón bpobal ar an Sciobairín freisin.

Áirítear sna himeachtaí suntasacha san earnáil PLC i rith na bliana ná iad seo a leanas:

- Tabhairt isteach rathúil den Phrintíseacht Teicneoirí Cuntasaíochta
- Tabhairt isteach de scéim shocrúcháin oibre don fhoireann teagaisc, rud a sholáthair do líon mór múinteoirí PLC socrúchán a fháil i ngnó agus i dtionscal suas le dhá sheachtain, rud a neartaíonn na naisc le tionsclaíocht agus a ardaíonn feasacht ar riachtanais an tionscail agus a sholáthraíonn ailíniú níos fearr de chúrsaí PLC le saol na hoibre.

Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí)

Is é Ionad Oiliúna Chorcaí, atá suite ar Ascaill Rossa, Baile an Easpaig, an t-ionad oibriúcháin agus an mol le haghaidh gach seirbhís oiliúna a sholáthraíonn BOOC faoi FET. Cé gurb é an t-ionad an suíomh seachadta do réimse printíseachtaí, lena n-áirítear oiliúint as an bpost (Céim 2), cuireann an t-ionad raon de chláir oiliúna speisialtóireachta ar fáil agus gníomhaíonn sé mar ionad comhordaithe agus riaracháin le haghaidh soláthar oiliúna, le raon d'oifigí tacaíochta FET de chuid BOOC, lena n-áirítear Dearbhú Cáilíochta, Treoir agus Seirbhísí Óige atá suite ann.

Ag teacht le paraiméadair agus ceanglais phleanála náisiúnta FET, in 2018 beidh seirbhísí oiliúna BOOC ag iarraidh méid na n-acmhainní oiliúna printíseachta is féidir a sheachadadh tríd an ionad a mhéadú, trí spásanna oiliúna atá ann cheana a athchumrú agus infheistíocht in acmhainn bhreise taobh amuigh den ionad. Leagfaidh an tIonad Oiliúna béim agus fócas ar leith ar fhorbairt agus ar sheachadadh oiliúna breise do dhaoine i bhfostaíocht in 2018, ag teacht le beartais SOLAS de réir mar a eisítear iad.

Cuireann feidhm Oiliúna BOOC cláir ar fáil do dhaoine dífhostaithe chun oiliúint, athoiliúint nó oiliúint bhreise a sholáthar, agus freisin do chuardaitheoirí poist eile ionas gur féidir leo post a aimsiú agus/nó dul chuig ardoideachas/breisoideachas agus oiliúint, a chuirfidh ar a gcumas dul san iomaíocht sa mhargadh saothair. Seachadtar na cláir seo trí chúrsaí lae lánaimseartha, cúrsaí tráthnóna nó cúrsaí ar líne. Tá laghdú ag teacht ar mhéid na gníomhaíochta i soláthar spriocdhírithe do dhaoine dífhostaithe i gcomhréir leis an gclár beo. Léirítear an méid gníomhaíochta oiliúna sa bhuiséad oiliúna bliantúil.

Sa bhreis ar oiliúint do dhaoine dífhostaithe agus feabhas a chur ar scileanna, déantar oiliúint phrintíseachta a bhainistiú agus a riar. Sa bhliain 2018, tá sé beartaithe go mbeidh thart ar 1400 áit oiliúna printíseachta ar fáil ag céimeanna 2, 4, 6. Tá breis agus 1550 printíseach faoi oiliúint ag na céimeanna difriúla, atá fostaithe ag níos mó ná 600 fostóir i gContae Chorcaí. Táthar ag súil go leanfar le leathnú ar bhonn leanúnach i bprintíseachtaí ceirde i rith na bliana. Tá acmhainn oiliúna breise á phleanáil chun freastal ar an éileamh atá ag méadú i Meicnic Feithiclí Trom, Slándáil Leictreonach agus Ionstraimíocht Leictreach.

I dteannta na printíseachta ceirde, tá printíseachtaí nua faoi stiúir Consortia ag céimeanna éagsúla forbartha. Cuimsítear le clárú nua printíseachtaí atá le tosú in 2018 ná Commis Chef, Búistéireacht, crua-earraí agus bogearraí comhpháirtí TFC.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21	Gníomhartha	Torthaí ionchais do 2018 (i gcás	Ceannaire	Urraitheoir

(Cuir isteach Uimh Tosaíochta)		**seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)**		
3.5 Clár FET a Athbhreithniú agus a Fhorbairt	→ Déanfaimid próiseas comhtháite pleanála FET a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, rud a chinntíonn go n-aithnítear riachtanais na bpobal áitiúil, na bhfoghlaimeoirí agus na bhfostóirí ar bhealach cuí agus tráthúil de réir riachtanas agus tosaíochtaí na Straitéise FET	Déanfar athbhreithniú ar 10 réimse oiliúna, ag déanamh anailíse ar ábhar, fad agus torthaí an chúrsa trí phróisis chomhairliúcháin le fostóirí. Déanfar athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí oiliúna Bio Pharma agus forbrófar plean straitéiseach le haghaidh oiliúna san earnáil seo	Bainisteoir TC	Stiúrthóir FET
2.1 Comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a fheabhsú i bpobail ár bhfoghlaimeoirí trí eolas agus scileanna ábhartha a sholáthar maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil, forbairt phearsanta, dul chun cinn agus fostaíocht	→ Tabharfaimid cabhrú go gníomhach le foghlaimeoirí sa phróiseas d'fhilleadh ar an bhfoghlaim trína áirithiú go soláthraítear cúrsaí agus tacaíochtaí cuí chun rannpháirtíocht na foghlaimeoirí a thacú agus a spreagadh → Déanfaimid na cláir Phrintíseachta agus Oiliúna a chur chun cinn, a fhorbairt agus a bhainistiú le háirithiú go gcomhlíonann oiliúint riachtanais an tionscail	Chun tacaíocht ghníomhach a thabhairt d'fhoghlaimeoirí sa phróiseas d'fhilleadh ar an oideachas, soláthrófar modúl tacaíochta 'ag foghlaim chun foghlaim' ar fud na gcúrsaí oiliúna fada go léir. Chun an soláthar printíseachta a chur chun cinn agus a mhéadú, cuirfear 3 rang breise printíseachta leis in 2018.	Bainisteoir TC	Stiúrthóir FET

Aonad Oibre don Ógra de chuid BOO Chorcaí

Chuir BOO Chorcaí feabhas ar a aonad oibre don ógra in 2018 chun a chuid feidhmeanna reachtúla agus a chuid riachtanas a chomhlíonadh de réir na gciorclán ábhartha roinne. In 2018, déanfar 2 oifigeach óige agus oifigeach tacaíochta óige a fhostú. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an aonaid:

1. Tacú le hobair don ógra a sholáthar
2. Tacú le hobair don ógra a chomhordú
3. Tacú le hobair don ógra a riar
4. Tacú le seirbhísí obair don ógra ina réimse feidhmiúil a mheasúnú

In **2018** déanfaidh BOO Chorcaí breis agus **EUR 3 mhilliún** a riar**,** chuig 40 tionscadal óige i gCathair agus i gContae Chorcaí faoi scéimeanna óige na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).

In **2018** déanfar scéim Dheontas Chlub Áitiúil na nÓg a riar chuig breis agus 160 grúpa óige faoi cheannas saorálaithe.

In **2018** déanfaidh BOO Chorcaí maoiniú na Roinne Sláinte a riar chuig 5 thionscadal faoin tascfhórsa áitiúil drugaí.

In 2018, tiocfaidh 2 ghníomhaire nua faoi shainchúram BOO Chorcaí - Seirbhís Óige Deoise Chluana (Mala, Fear Maí, Mainistir na Corann) agus clár 3ú leibhéal an FAI. San iomlán, seachadfaidh **14 ghníomhaire** seirbhísí oibre don ógra thar ceann BOO Chorcaí in 2018 (gan seirbhísí faoi cheannas saorálaithe a áireamh).

1. Obair d'Ógra Éireann CDYS
2. Iontaobhas Pháirc na hEaglaise
3. Seirbhísí Óige an Chóibh
4. Simon Chorcaí
5. Foróige
6. Seirbhísí an Aoire Mhaith
7. Meitheal Mara
8. Ionad Sláinte Ghnéis
9. Roinn Spóirt na Comhairle Cathrach
10. Tionscadal Comhchaidrimh don Ógra Naomh Caoimhín
11. YWI Chorcaí
12. YMCA
13. Wellsprings
14. Clár 3ú leibhéal an FAI

Torthaí Náisiúnta do Dhaoine Óga a Bhaint Amach

Is é *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile - Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga, 2014-2020* (BOBF) an chéad chreat náisiúnta polasaí uileghabhálach do leanaí agus do dhaoine óga (0-24 bliana d'aois), arna fhorbairt ag an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige thar ceann an Rialtais, agus faoina stiúir. Is é cuspóir an chreata beartas a chomhordú ar fud an Rialtais chun torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga. Tá sé mar aidhm ag Aonad Oibre don Ógra de chuid BOO Chorcaí torthaí a aithníodh sa straitéis a sheachadadh mar seo a leanas in 2018:

Torthaí Náisiúnta	Seachadfaidh BOO Chorcaí ar na Torthaí Náisiúnta trí na tionscnaimh seo a leanas in 2018	Torthaí Áitiúla 2018
Gníomhach agus Sláintiúil	Dúshlán Maratóin na nÓg Chathair Chorcaí Tascfhórsa Áitiúil agus Réigiúnach Drugaí	Beidh suas le 100 duine óg ag glacadh páirte in imeacht spraoi 5km Beidh os cionn 20 foireann óige rannpháirteach sa dúshlán maratóin. Beidh BOO Chorcaí i dteagmháil dhearfach agus ghníomhach leis an Tascfhórsa Réigiúnach & Áitiúil Drugaí, go háirithe ar an tsraith oideachais agus choisc.
Cumas iomlán a bhaint amach i ngach réimse foghlama agus forbartha	Uaireanta Comhoibrithe Oibre don Ógra BOO	Cuirfidh BOO Chorcaí uaireanta comhoibre ar fáil do thionscadail óige faoin Scéim Tionscadal Speisialta don Óige chun tacú le soláthar oibre don aos óg sa chathair agus é sin a chomhlánú.
Sábhailte & Cosanta ó Dhíobháil	Cosaint Leanaí & Cur Chun Feidhme Tús Áite do Leanaí	Cinnteoidh BOO Chorcaí cur i bhfeidhm Tús Áite do Leanaí i ngach ionad oibre óige maoinithe de chuid BOO.
Slándáil Eacnamaíoch & Deis	Cur le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail	Cuirfidh BOO Chorcaí le pleananna LECP maidir le seirbhísí leanaí a fhorbairt.
Nasctha, Meas Orthu & Cuireann lena Saol	Comhairle na nÓg	Cuirfidh BOO Chorcaí le cur i bhfeidhm na gclár cathrach agus contae Chomhairle na nÓg in 2018.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	**Gníomhartha**	**Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)**	**Ceannaire**	**Urraitheoir**
2.2 An soláthar de sheirbhísí óige a fhorbairt agus a chur chun cinn	→ Cuirfimid seirbhísí nuálacha, freagrúla agus cuimsitheacha ar fáil a dtabharfar tacaíocht dóibh	Déanfar fóram oibre don ógra a éascú chun dul i mbun cumarsáide le seirbhísí óige chun príomhcheisteanna agus téamaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint.	Oifigigh Óige	DCYA

	trí Choiste Óige BOO Chorcaí	Imeacht comhairliúcháin óige lena áirithiú go gcomhlíontar cearta leanaí, go háirithe a gceart chun tuairim a chur in iúl agus chun a leas i suíomhanna oibre don ógra a chosaint. A áirithiú go bhfuil sé mar aidhm ag seirbhísí óige seirbhísí a sheachadadh atá freagrach do riachtanais an óige agus a chomhlíonann na cúig thoradh náisiúnta do dhaoine óga mar a shainaithnítear i gCreatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga - Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile.		
	→ Forbróimid ról BOO Chorcaí mar an gníomhaire do Sheirbhísí Óige a oibríonn i gcomhar agus i gcomhairle leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Roghnaítear BOO Chorcaí mar chuid de chlár píolótach DCYA de na scéimeanna nua maoinithe mar a mholtar faoin Athbhreithniú Luach ar Airgead DCYA. Beidh BOO Chorcaí i gcomhairle leis an DCYA maidir leis an scéim nua a fhorbairt agus bonn eolais a chur fúithi.	Oifigigh Óige	DCYA
	→ Tacóidh muid le soláthar, forbairt agus measúnú seirbhísí oibre don ógra i gCorcaigh trí acmhainní dírithe cuí a sholáthar	Beidh BOO Chorcaí i gcomhairle le soláthraithe seirbhíse áitiúla óige. Déanfar Próifíl Dhéimeagrafach agus Shóisialta chun bonn eolais a chur faoi sholáthar seirbhíse óige i gCorcaigh sa todhchaí, ag baint úsáide as uirlis chaighdeánaithe DCYA Beidh gach tionscadal a fhaigheann maoiniú ó DCYA arna riar trí BOO Chorcaí páirteach sa Chreatlach Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta do	Oifigigh Óige	Stiúrthóir FET

		Sheirbhísí Óige chun freagrachtaí reachtaíochta agus comhlíonadh ginearálta le dea-chleachtas a áirithiú. An bunú de 2 thionscadal/sheirbhís óige nua i gCorcaigh - Cuan Íochtarach Charraig Uí Leighin agus Baile Mhistéala. Déanfaidh BOO Chorcaí clár de chlubanna/grúpaí óige faoi cheannas saorálaithe a chur ar bun agus a chothabháil chun a chinntiú go gcomhlíonfar na critéir incháilitheachta maidir le scéim deontais an chlub óige, go háirithe ceanglais maidir le cosaint Leanaí agus Caighdeáin Náisiúnta do Ghrúpaí atá faoi Cheannas Saorálaithe.		

Ógtheagmháil

Ag teacht le plean straitéiseach BOOC, tá sé mar aidhm againn oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sheachadadh a léiríonn réaltachtaí an domhain nua-aimseartha, agus deiseanna dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí a mhéadú chuig fostaíocht agus/nó chuig breisoideachas.

Clár oideachais agus oiliúna do dhaoine óga idir 15 agus 20 bliain d'aois is ea Ógtheagmháil, daoine a bhfuil rogha eile ón suíomh oideachais foirmiúil ag teastáil uathu. Díríonn an clár Ógtheagmháil go cothrom ar fhorbairt scileanna acadúla, gairmoideachais agus boga le deiseanna do fhoghlaimeoirí deimhniú a fháil ag Leibhéil 3 agus 4. Éascaíonn an clár rochtain, aistriú agus dul chun cinn na ndaoine sin chuig breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht.

Tar éis athbhreithniú ar an gclár Ógtheagmháil, forbraíodh curaclam leasaithe i gcomhairle leis na hionaid go léir. Forbraíodh agus feabhsaíodh comhpháirt Socrúchán Oibre an chláir lena áirithiú go bhfuil sé ábhartha d'fhoghlaimeoirí agus d'fhostóirí; mar thoradh air seo tá deis foghlama níos lánbhrí agus níos mealltaí do rannpháirtithe agus d'fhostóirí. Baineann an Curaclam athbhreithnithe Ógtheagmháil úsáid níos minice as chur chuige measctha foghlama a chomhcheanglaíonn gníomhaíochtaí ranga agus forbairt phearsanta ar bhealach pleanáilte agus struchtúrtha.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	Gníomhartha	Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)	Ceannaire	Urraitheoir
1.1 Eispéireas dearfach agus iomlánaíoch dírithe ar fhoghlaim a sholáthar do gach foghlaimeoir.	→ Cuirfimid, de réir thosaíochtaí DES agus SOLAS, feabhas ar an eispéireas foghlama agus ar na torthaí foghlama d'fhoghlaimeoirí a bhfuil tionchar ag míbhuntáiste orthu, ag gach céim den turas foghlama	Cuirfear an curaclam athbhreithnithe Ógtheagmháil i bhfeidhm in 2018, a chónaiscfidh forbairt phearsanta, pleanáil, gnóthachtáil agus deimhniú acadúil agus socrúchán oibre níos struchtúrtha/níos praiticiúla chun a áirithiú go bhfuil eispéireas foghlama níos lánbhrí agus níos mealltaí ag foghlaimeoirí. Leanfar in 2018 le cur chuige ilsraithe chun feabhas a chur ar fhreastal, rud a tugadh isteach i ngach ionad. .	Comhordaitheoir Ógtheagmháil	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh
1.2 Teagasc, oiliúint agus foghlaim den scoth a chur ar fáil do chách	→ Díreoimid ar an bhforbairt de theagasc agus d'fhoghlaim ar ardchaighdeán mar phríomhghníomhaíocht BOO	Tairgeann gach clár Ógtheagmháil deimhniúchán a chloíonn le nósanna imeachta QA. Mar thoradh ar churaclam athbhreithnithe	Comhordaitheoir Ógtheagmháil	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

		Ógtheagmháil a thabhairt isteach tá níos mó torthaí deimhnithe agus forchéimnithe ann		
	→ Déanfaimid réimse na mbealaí don fhoghlaim atá ar fáil do gach foghlaimeoir ar mian leo leas a bhaint as ár gcuid seirbhísí a aithint agus a chur chun cinn go gníomhach	Tionóladh cruinnithe pleanála limistéir agus d'fhreastail ionadaithe ó gach réimse soláthair orthu, a chinntíonn go bhfuil roghanna ábhartha dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí ag gach clár. Tionóladh cruinnithe míosúla Bhord Comhordaithe. Pléadh pleanáil agus dul chun cinn Cláir	Comhordaitheoir Ógtheagmháil	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

Litearthacht d'Aosaigh

Is é fócas tosaíochta BOO Chorcaí freastal do agus tacú leis an raon leathan de chláir sholúbtha bhreisoideachais agus oiliúna páirtaimseartha agus lánaimseartha i gceantar Chorcaí. Tá dualgas orainn infhostaitheacht a fheabhsú, tá dualgas orainn freisin chomhtháthú sóisialta, saoránacht ghníomhach, comhionannas, athghiniúint limistéir agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Ní mór don oideachas agus don oiliúint réaltachtaí an domhain nua-aimseartha a léiriú. Déanaimid cláir cháilíochta a sheachadadh ar bhealaí, in amanna agus i láithreacha solúbtha atá ábhartha d'fhoghlaimeoirí fásta agus a chuireann feabhas ar a saolta ag an obair, sa bhaile agus ina bpobail.

Díríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís Oideachais d'Aosaigh chomhtháite a thairiscint, le creidiúnú ó Leibhéil 1-6, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Laistigh den sainchúram seo cuireann Seirbhís Litearthachta BOOC raon leathan clár ar fáil atá dírithe ar scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhearthachta agus TFC a fheabhsú do dhaoine fásta ar mian leo a n-inniúlachtaí a fheabhsú agus a rannpháirtíocht fheidhmiúil a fheabhsú sa saol pearsanta, sóisialta, pobail agus eacnamaíoch. Tá na cláir a thairgtear éagsúil agus solúbtha, lena n-áirítear 1:1 tacaíocht Saorálaí agus dianteagasc grúpa agus deimhniú. Tá an fócas ar thorthaí foghlama ag leibhéil 1-3 den NFQ.

Tá níos mó ná léitheoireacht agus scríbhneoireacht ag baint le litearthacht; téann sé i bhfad níos faide ná na scileanna teicniúla cumarsáide. Baineann sé le comhtháthú d'fhorbairt phearsanta le leibhéal inniúlachta in uimhearthacht agus TF. Oibríonn an tseirbhís go dlúth leis an tSeirbhís um Oideachas d'Aosaigh níos leithne chun roghanna dul chun cinn an fhoghlaimeora a sholáthar go sonrach do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, a bhfostóirí agus an limistéir gheografaigh. Trí dhul i dteagmháil le comhghleacaithe le linn an phróisis phleanála, cinntítear go gcuirfear cláir fhothaithe chuí ar fáil ag Leibhéal 3 le bealaí soiléire dul chun cinn go dtí cláir ag Leibhéil 4 & 5.

Tríd an gclár Scileanna le haghaidh Oibre, bíonn an tseirbhís litearthachta ag comhoibriú le fostóirí chun cláir a sheachadadh atá dírithe ar leibhéil inniúlachta na bhfostaithe a bhfuil leibhéil ísle de cháilíochtaí oideachais acu a ardú, agus feabhas a chur ar scileanna riachtanacha TF a chuireann ar chumas fostaithe dul i ngleic le hathruithe minice agus leanúnacha ar chleachtais oibre. Soláthraítear teagasc ESOL suas go dtí NFQ Leibhéal 3 agus tugtar tosaíocht d'iarrthóirí tearmainn agus d'oibrithe inimirceacha nó imirceacha AE ar ioncam íseal. Tugann an clár Foghlaim don Teaghlach tacaíocht ríthábhachtach do thuismitheoirí a bhfuil a gcuid oideachais féin teoranta, ag cuidiú leo bacainní a bhaint idir foghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla.

Is é comhtháthú na Seirbhíse Litearthachta ár bpríomhthosaíocht do 2018.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	**Gníomhartha**	**Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)**	**Ceannaire**	**Urraitheoir**
1.1 Eispéireas dearfach agus iomlánaíoch dírithe ar fhoghlaim a sholáthar do gach foghlaimeoir.	→ Oibreoimid chun forbairt phearsanta ár bhfoghlaimeoirí uile a chur chun cinn agus a chothú chun feabhas a chur ar a leas mar bhaill dár bpobail fhoghlama	Leanfaidh an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh le teagasc atá dírithe ar an bhFoghlaimeoiri dtimpeallacht foghlama cairdiúil, thacúil agus solúbtha ina bhféadfaidh foghlaimeoirí a gcuid riachtanas agus leasanna a iniúchadh agus a spriocanna foghlama féin a leagan síos.	Eagraí Litearthachta d'Aosaigh	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh
	→ Beidh sé mar aidhm againn scileanna saoil a sholáthar dár	Cinnteoimid, mar chuid dár bpróiseas QA,	Eagraí Litearthachta d'Aosaigh	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

	bhfoghlaimeoirí chun freastal ar a gcuid riachtanas mar fhoghlaimeoirí gníomhacha agus saoránaigh trí rannpháirtíocht i mBoird, Coistí agus grúpaí ionadaíochta éagsúla BOO a spreagadh.	go dtabharfar an deis do gach foghlaimeoir aiseolas a thabhairt trí mheicníochtaí cuí a úsáid Spreagfar gach foghlaimeoir páirt a ghlacadh i gcoistí mac léinn agus i bhfóraim ábhartha eile le haghaidh comhairliúcháin		
1.2 Teagasc, oiliúint agus foghlaim den scoth a chur ar fáil do chách	→ Díreoimid ar an bhforbairt de theagasc agus d'fhoghlaim ar ardchaighdeán mar phríomhghníomhaíocht BOO	Leanfaidh an tseirbhís litearthachta le teagasc grúpa agus dianteagasc a chur ar fáil agus soláthróidh sí roghanna deimhniúcháin do gach foghlaimeoir	Eagraí Litearthachta d'Aosaigh	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh
	→ Déanfaimid réimse na mbealaí don fhoghlaim atá ar fáil do gach foghlaimeoir ar mian leo leas a bhaint as ár gcuid seirbhísí a aithint agus a chur chun cinn go gníomhach	Leanfaidh an tseirbhís litearthachta le dul i ngleic le grúpaí pobail áitiúla, le líonraí, le DEASP, le FSS, le scoileanna agus le fostóirí chun seirbhísí a chur chun cinn agus cinnteoidh sí go ndéanfar gach cúrsa a fhoilsiú chuig láithreán Gréasáin FETCH agus chuig an DEASP go díreach de réir mar is cuí.	Eagraí Litearthachta d'Aosaigh	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

2.2 Tacú le forbairt ghairmiúil ár ndaoine	→ Déanfaimid cultúr d'fhorbairt agus de thacaíocht ghairmiúil a chothú don fhoireann ar fad tríd an soláthar dírithe de thionscnaimh fhoghlama agus fhorbartha chuí chun a gcuid eolais agus cumais a fheabhsú agus a fhorbairt	Mar fhreagra ar an éileamh suntasach atá ag méadú i ngach earnáil den phobal maidir le soláthar ESOL, cuirfidh BOOC tús le clár chun uas-sciliú a dhéanamh ar theagascóirí in ESOL agus in IELTS	Eagraí Litearthachta d'Aosaigh	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh
3.5 Clár FET a Athbhreithniú agus a Fhorbairt	→ Forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm próiseas comhtháite pleanála FET a chinntíonn go n-aithnítear riachtanais na bpobal áitiúil, na bhfoghlaimeoirí agus na bhfostóirí ar bhealach cuí agus tráthúil de réir riachtanas agus tosaíochtaí na Straitéise FET	Mar fhreagra díreach ar riachtanas tionsclaíochta, leanfaidh BOOC, i gcomhpháirtíocht leis an gclár náisiúnta Scileanna le haghaidh Oibre, leis an raon clár atá ar fáil d'fhostóirí a leathnú. Leanfaidh an tseirbhís le tosaíocht a thabhairt d'Fhoghlaim don Teaghlach do 2018 agus déanfaidh sí caidrimh le scoileanna áitiúla, le seirbhísí idirchaidrimh baile agus le líonraí pobail ábhartha a fhorbairt. Leanfaidh an tseirbhís lena páirt iomlán i bpróiseas pleanála BOO Chorcaí agus oibreoidh sí go dlúth leis na páirtithe	Eagraí Litearthachta d'Aosaigh Oifigeach Oideachais d'Aosaigh	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh Stiúrthóir FET

		leasmhara go léir chun éascaíocht rochtana, aistrithe agus dul chun cinn a áirithiú d'fhoghlaimeoirí . Tríd an bpróiseas seo, déanfar athbhreithniú ar an soláthar de chúrsa chun a áirithiú go mbaineann sé leis na foghlaimeoirí, leis na fostóirí agus leis an bpobal níos leithne.		
	→ Spreagfaimid ardleibhéil rannpháirtíochta, gnóthachtála agus creidiúnaithe ag foghlaimeoirí trí chúrsaí a chur ar fáil a chuireann lena gcuid deiseanna chun forbairt phearsanta, dul chun cinn agus fostaíochta a bhaint amach	Leanfar le teagasc grúpa a chur chun cinn go láidir d'iarrthóirí nua mar an rogha is fearr. Spreagfar agus tacaítear le foghlaimeoirí atá ag baint leasa as tacaíocht litearthachta 1:1 chun dul chun cinn a dhéanamh a luaithe is féidir chuig an eispéireas foghlama níos struchtúrtha agus níos tairbhí, mar atá teagasc grúpa. Spreagfaidh agus éascóidh an tseirbhís foghlaimeoirí go gníomhach chun leas a bhaint as roghanna creidiúnaithe ó	Eagraí Litearthachta d'Aosaigh	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

		leibhéil 1 -3 de réir mar is cuí Leanfar le tacaíocht Treorach d'Aosaigh a chur ar fáil do gach foghlaimeoir agus grúpa.		
4.6 Líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara	→ Leanfaimid le caidrimh a fhorbairt lenár bpáirtithe leasmhara bunaithe ar chomh-mheas agus ar ghairmiúlacht chomhroinnte ar mhaithe le leas ár bhfoghlaimeoirí	Beidh páirt ghníomhach ag an tseirbhís le comhpháirtíochtaí Pobail, le líonraí áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile, chun caidrimh agus an raon clár atá ar fáil chun freastal ar riachtanais na bhfostóirí agus na bhfoghlaimeoirí araon a fhorbairt.	Eagraí Litearthachta d'Aosaigh	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

Oideachas Pobail

Tríd is tríd, seachadtar Oideachas Pobail i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí pobail chun deiseanna foghlama atá bunaithe go háitiúil a chur ar fáil. Leithdháileann an AEO/an tÉascaitheoir Oideachais Pobail/uaireanta do ghrúpa pobail agus earcaíonn agus tacaíonn le teagascóir chun an cúrsa a comhaontaíodh a sheachadadh. Is í an aidhm ná cur le cumas na bpobal áitiúil bheith páirteach i ndáil le freagairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus struchtúrach a fhorbairt.

Tá ranganna Oideachas Pobail neamhchreidiúnaithe de ghnáth agus oibríonn siad ar obair réamhfhorbartha le grúpaí agus an aidhm leo dul chun cinn go dtí an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas nó ar Chláir Litearthachta d'Aosaigh.

In **2018** cuirfidh BOO Chorcaí na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Soláthar i gceantair Ghaeltachta a leathnú chomh maith le leibhéal na ranganna labhartha Gaeilge a mhéadú laistigh de phobail for-rochtana

- Féilte Foghlaim ar feadh an tSaoil a fhorbairt tuilleadh

- Obair réamhfhorbartha a mhéadú trí sholáthar a leathnú laistigh d'ionaid BOOC

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	Gníomhartha	Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)	Ceannaire	Urraitheoir
1.1 Eispéireas dearfach agus iomlánaíoch dírithe ar fhoghlaim a sholáthar do gach foghlaimeoir.	→ Oibreoimid chun forbairt phearsanta ár bhfoghlaimeoirí uile a chur chun cinn agus a chothú chun feabhas a chur ar a leas mar bhaill dár bpobail fhoghlama	- Cláir a thairiscint i limistéir for-rochtana chun cabhrú le héifeachtaí leithlisithe tuaithe a chomhrac agus chun cur ar chumas na bhfoghlaimeoirí dul ar aghaidh chuig réimsí eile FET - Leanúint le cúrsaí a sholáthar in Ionaid Chúraim - Cúrsaí forbartha pearsanta a thairiscint trí mheán na nEalaíon agus na Ceardaíochta - Leanúint le modúl Forbartha Pobail QQI Leibhéal 5 do bhaill eagraíochtaí deonacha i mBéarra	Comhordaitheoir FET	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh
3.5 Clár FET a Athbhreithniú agus a Fhorbairt	→ Forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm próiseas comhtháite pleanála FET a chinntíonn go n-aithnítear riachtanais na bpobal áitiúil, na bhfoghlaimeoirí agus na bhfostóirí ar bhealach cuí agus tráthúil	- Cúrsaí a sholáthar in BOOC agus in ionaid For-rochtana a sholáthraíonn "Cláir Bhlaiseadh" do chláir eile agus a thugann roghanna dul chun cinn don fhoghlaimeoir - Leanúint le hidirchaidreamh le pobail áitiúla agus le heagraíochtaí pobail a sholáthraíonn cúrsaí a	Comhordaitheoir FET	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

		de réir riachtanas agus tosaíochtaí na Straitéise FET	- fhreastalaíonn ar riachtanas áitiúil - Pleanáil inghníomhaireacht a agus idirghníomhaireachta chun a áirithiú go bhfuil pleananna ábhartha do chláir eile FET		

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)

Is é aidhm fhoriomlán an chláir BTEI rannpháirtíocht daoine óga agus daoine fásta a bhfuil níos lú ná oideachas dara leibhéal uachtarach acu a mhéadú i réimse deiseanna foghlama creidiúnaithe páirtaimseartha a thugann dámhachtainí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) chun a rochtain, aistriú agus dul chun cinn chuig bealaí eile oideachais nó fostaíochta a éasca.

Díríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís Oideachais d'Aosaigh comhtháite a thairiscint, le creidiúnú ó Leibhéil 1-6, ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Mar chuid den tseirbhís seo, oibríonn BTEI go dlúth le Bunoideachas d'Aosaigh, le VTOS agus leis an tSeirbhís Oideachais d'Aosaigh chun roghanna dul chun cinn foghlama a sholáthar go sonrach do riachtanais an limistéir gheografaigh agus na bhfoghlaimeoirí. Bíonn idirchaidreamh ag BTEI le PLCanna, le Soláthar Oiliúna agus le Comhordaitheoirí Ógtheagmháil chun a áirithiú go gcuirfear cláir fhothaíochta ar fáil ag Leibhéal 4 go dtí cláir Leibhéal 5 PLC.

Díríonn BTEI go príomha ar chúrsaí QQI Leibhéal 4 a sheachadadh agus Leibhéil 3 agus 5 á seachadadh ag leibhéal níos lú. Soláthraíonn na cúrsaí seo bealach dul chun cinn ó chúrsaí ag leibhéil níos ísle agus freisin dul chun cinn go dtí cúrsaí PLC agus Ionaid Oiliúna.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	Gníomhartha	Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)	Ceannaire	Urraitheoir
1.2 Teagasc, oiliúint	→ Díreoimid ar an bhforbairt de theagasc agus d'fhoghlaim ar	Déanfar measúnú ar chláir a thairgtear faoi	Comhordaitheoir FET	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

agus foghlaim den scoth a chur ar fáil do chách		ardchaighdeán mar phríomhghníomhaíocht BOO	BTEI chun a áirithiú go gcuireann na cláir seirbhísí ar fáil atá freagrach do riachtanais áitiúla agus/nó go dtairgeann siad rogha dul chun cinn dár bhfoghlaimeoirí. Tabharfaidh gach clár BTEI deimhniúchán agus beidh siad ag teacht leis na nósanna imeachta QA arna riar trí BOO Chorcaí. Comhtháthú breise de TF ar chláir BTEI.		
	→	Déanfaimid réimse na mbealaí don fhoghlaim atá ar fáil do gach foghlaimeoir ar mian leo leas a bhaint as ár gcuid seirbhísí a aithint agus a chur chun cinn go gníomhach	Gach cúrsa a phoibliú tríd an meán clóite agus an meán sóisialta agus ár gcur chun cinn sna meáin shóisialta a fhorbairt tuilleadh. Ag obair i gcomhar le hOideachas Pobail chun na himeachtaí d' Fhéilte Foghlaim ar Feadh an tSaoil a phleanáil agus a reáchtáil, ar imeachtaí iad a mheallfaidh foghlaimeoirí isteach sna hionaid agus a éascóidh dul chun cinn chuig roghanna eile FET. Pleanáil Limistéir Chomhtháite ag díriú ar gach réimse soláthair (Oiliúint PLCanna srl). Cuimseoidh na pleananna rogha dul chun cinn do gach clár.	Comhordaitheoir FET	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh
2.3 Tacú le forbairt ghairmiúil ár ndaoine	→	Déanfaimid cultúr d'fhorbairt agus de thacaíocht ghairmiúil a chothú don fhoireann ar fad tríd an soláthar dírithe de	Ionduchtú agus oiliúint le heagrú do theagascóirí nua Oiliúint Bhreise QA beartaithe do 2018	Comhordaitheoir FET	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

	thionscnaimh fhoghlama agus fhorbartha chuí chun a gcuid eolais agus cumais a fheabhsú agus a fhorbairt	Déanfar anailís ar scileanna na dteagascóirí a sholáthraíonn cláir agus déanfar moltaí CPD nuair is cuí.		
	→ Múnla tacaíochta a fhorbairt, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, a éascaíonn scaoileadh na foirne chun páirt a ghlacadh i ndeiseanna ábhartha agus cuí CPD	- Nós Imeachta BOOC a leanúint don fhoireann a fhreastalaíonn ar CPD	Comhordaitheoir FET	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh
3.5 Clár FET a Athbhreithniú agus a Fhorbairt	→ Forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm próiseas comhtháite pleanála FET a chinntíonn go n-aithnítear riachtanais na bpobal áitiúil, na bhfoghlaimeoirí agus na bhfostóirí ar bhealach cuí agus tráthúil de réir riachtanas agus tosaíochtaí na Straitéise FET	- I measc na gcruinnithe pleanála 2018 bhí ionchur ó ionadaithe i ngach réimse FET. Rinneadh athbhreithniú ar na cláir oideachais agus oiliúna reatha sa limistéar agus rinneadh pleananna a thairgeann bealach dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí. Bainfear úsáid as an modúl céanna le haghaidh pleanála 2019. - Chuathas i gcomhairle le roinnt geallsealbhóirí seachtracha, lena n-áirítear DEASP, grúpaí Comhpháirtíochta áitiúla agus Eagraíochtaí Pobail eile. - Leanfaidh BOO Chorcaí le cláir a reáchtáil i gcomhar le heagraíochtaí forbartha pobail. Tá caidrimh bunaithe ag na heagraíochtaí seo le baill den phobal. Mar thoradh	Comhordaitheoir FET	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

		air sin beidh earcaíocht níos sruthlínithe de spriocghrúpaí. I measc na gclár beidh Slándáil, Obair Mhiotail, Scileanna Miondíola, agus Cur le do chuid Scileanna. - I gcomhar lenár nOifigeach Idirchaidrimh Fostóra déanfaimid athbhreithniú ar dheiseanna fostaíochta i gCarraig Uí Leighin, áit ar chuir BOOC ionad nua ar bun. Déanfar tuilleadh idirchaidrimh le fostóirí sa réimse seo (agus leanfar lena fhorbairt i réimsí eile) agus cuirfear cláir ar fáil de réir riachtanas Fostóirí (ag brath ar na riachtanais a shainaithnítear d'fhéadfadh iad seo a leanas a bheith i gceist; BTEI/Oiliúint/soláthar Clár eile)		
	→ Spreagfaimid ardleibhéil rannpháirtíochta, gnóthachtála agus creidiúnaithe ag foghlaimeoirí trí chúrsaí a chur ar fáil a chuireann lena gcuid deiseanna chun forbairt phearsanta, dul chun cinn agus fostaíochta a bhaint amach	- Cuirfidh gach cúrsa Deimhniúchán ar fáil - Déanann cúrsaí rannpháirtithe a ullmhú leis an muinín chun dul ar aghaidh chuig an bhfostaíocht agus chun bheith ag obair go hinniúil, go sábháilte agus go héifeachtach - Eolas speisialtóireachta a sholáthar sna réimsí scileanna níos ísle den fhostaíocht - mar atá cúrsaí atá beartaithe i réimsí Scileanna Miondíola agus Fáilteachais - Forbraíonn foghlaimeoirí réimse	Comhordaitheoir FET	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

		cáilíochtaí pearsanta agus idirphearsanta atá riachtanach le haghaidh fostaíochta - Tairgeann cúrsaí BTEI an deis dul chun cinn chuig breisoideachas. Nuair is féidir, buaileann ionadaithe ó na bealaí Dul Chun Cinn/Fostaíochta le Grúpaí sa téarma deireanach den bhliain. Tá sé beartaithe againn é seo a leathnú in 2018 - Tairgtear treoir agus tacaíocht Litearthachta do raon leathan de ghrúpaí BTEI		

An tSeirbhís Treorach Chorcaí

Cuireann an tSeirbhís Treorach Chorcaí de chuid BOO seirbhís saor in aisce, neamhchlaonta agus rúnda ar fáil d'fhoghlaimeoirí fásta reatha agus do dhaoine fásta atá dífhostaithe a bhfuil níos lú ná cáilíocht(aí) QQI Leibhéal 6 acu. Cabhraíonn ár bPearsanra Treorach le foghlaimeoirí a gcuid leasanna agus cumais a iniúchadh agus na roghanna cúrsaí is fearr a aithint.

I rith 2018 freagróidh BOOC ar na moltaí ón Straitéis Treorach nua atá le foilsiú sa 2ú Ráithe den bhliain. Áireofar leis an Straitéis faisnéis agus torthaí ó Straitéisí Náisiúnta amhail an **Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna 2014-2019** agus an **Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025**.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	Gníomhartha	Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)	Ceannaire	Urraitheoir
1.2 Eispéireas dearfach agus iomlánaíoch dírithe ar fhoghlaim a sholáthar do gach foghlaimeoir.	→ Déanfaimid réimse na mbealaí don fhoghlaim atá ar fáil do gach foghlaimeoir ar mian leo leas a bhaint as ár gcuid seirbhísí a	- Déanann ár n-oifigigh Fhaisnéise taighde ar roghanna dul chun cinn atá ann cheana féin agus cinn nua agus scaipeann siad do chliaint aonair agus dár gComhairleoirí Treorach	Comhairleoirí Treorach d'Aosaigh	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

	aithint agus a chur chun cinn go gníomhach	- Tugann Comhairleoirí Treorach "Ceardlanna Dul Chun Cinn" do ghrúpaí BTEI/AL/CE agus leagann siad amach na deiseanna do na foghlaimeoirí. Tugtar an fhaisnéis freisin d'fhoghlaimeoirí ar choinní duine le duine. - Beidh Pearsanra Treorach ag freastal ar Laethanta Oscailte i suíomhanna éagsúla		
2.4 Tacú le forbairt ghairmiúil ár ndaoine	→ Déanfaimid cultúr d'fhorbairt agus de thacaíocht ghairmiúil a chothú don fhoireann ar fad tríd an soláthar dírithe de thionscnaimh fhoghlama agus fhorbartha chuí chun a gcuid eolais agus cumais a fheabhsú agus a fhorbairt	- Ceardlann a eagrú le Jigsaw ar Mheabharshláinte Óige a thuiscint do gach Pearsanra Treorach (le bheith ar siúl sa chéad leath de 2017) - Tuilleadh CPD le haithint agus le seachadadh nuair atá acmhainní ar fáil - Gach ball foirne chun dul i ngleic le deiseanna CPD de NCGE - Freastalóidh Comhairleoirí Treorach ar mhaoirsiú míosúil	Comhairleoirí Treorach d'Aosaigh	Oifigeach Oideachais d'Aosaigh

Ráiteas ar Sheirbhísí – Tacaíocht Eagrúcháin

Tá na seirbhísí a sholáthraíonn tacaíocht eagrúcháin dírithe ar sheachadadh seirbhísí neamhfhoghlama atá riachtanach chun cabhrú le hoidí agus le hoiliúnóirí chun díriú ar an seachadadh de sheirbhísí díreacha d'fhoghlaimeoirí lena chinntiú go bhfuil eispéireas foghlama ardchaighdeáin acu agus go bhfuil BOO Chorcaí fós nuálach, imoibríoch agus chun tosaigh sa soláthar d'oideachas agus d'oiliúint.

Ó bunaíodh é, rinne BOO Chorcaí athruithe a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaoi a ndéanann Ceannoifig seirbhísí neamhfhoghlama a struchtúrú agus a sheachadadh chuig gach réimse den soláthar foghlama.

Faoi láthair, tá na seirbhísí sin scartha ina sé réimse ar leith de sheachadadh, gach ceann acu a bhfuil sainchúram leathan acu agus atá riachtanach lena chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht ceanglais maidir le rialachas corparáideach agus í in ann riachtanais a chomhlíonadh faoin raon fairsing reachtaíochta a bhfuil tionchar aige ar an eagraíocht.

Cé gur próiseas leanúnach forbartha é an dearadh eagraíochtúil, tá roinnt tionscadal earnála á ndéanamh ag an DES ar bhonn náisiúnta. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na tionscadail seo, agus go háirithe ag seirbhísí comhroinnte i bpárolla agus in airgeadas, ar an gcaoi a ndéantar sinn a struchtúrú mar eagraíocht, agus ar ár gcumas chun leanúint ar aghaidh ag seachadadh seirbhísí, ní hamháin seirbhísí reatha, ach chun na seirbhísí seo a fhás mar fhreagairt ar bhrúnna inmheánacha agus seachtracha, amhail seachadadh seirbhísí chuig scoileanna nach BOO iad.

Leanann BOO Chorcaí le páirt dhearfach a ghlacadh i dtionscadail náisiúnta, mar aithnítear gur próiseas d'fhorbairt é an t-athrú má tá eagraíocht le fás agus le forbairt.

Caipiteal & Soláthar

Clár Caipitil/Tógála

Áirítear leis an gclár tógála scoile BOOC raon leathan miontionscadal agus mórthionscadal. Leanfaidh BOOC le tosaíochtaí a aithint d'fhoirgnimh nua, de mhéaduithe agus d'fheabhsuithe ar na foirgnimh atá ann cheana féin agus chun na hacmhainní riachtanacha a lorg go réamhghníomhach chun an méid sin a sheachadadh. Is timpeallacht dhúshlánach í fós agus na hacmhainní srianta riaracháin, airgeadais agus teicniúla atá ar fáil don Bhord á gcur san áireamh.

Maidir le 2018, tá BOOC ag díriú ar an méid seo a leanas:

Na méaduithe agus oibreacha seo a leanas a thabhairt chun deiridh:

- Coláiste an Chraoibhín, Fermoy
- Coláiste Pobail Naomh Colmán
- Coláiste Pobail an Easpaig McEgan (Aonad ASD), Maigh Chromtha
- Oibriúcháin chumasaithe ar Champas Oideachais Charraig Uí Leighin.

Dul chun cinn a dhéanamh ar na tionscadail scoileana nua agus méaduithe scoileanna seo a leanas:

- Campas Charraig Uí Leighin – príomhthógáil de 3 scoil nua
- Coláiste Pobail Chloich na Coillte - méadú
- Coláiste Davis, Mala - méadú
- Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh – méadú ar 2 sheomra ranga
- Coláiste Pobail Naomh Brogan, Droichead na Bandan - méadú
- Coláiste Pobail Áth an Chóiste - Céim 1 de thógáil nua

Cóiríocht Sealadach

- Coláiste Pobail Naomh Brogan, Droichead na Bandan – suiteáil de 4 fhoirgneamh réamhdhéanta
- Scoil Náisiúnta Pobail Clíodhna – suiteáil de 2 fhoirgneamh réamhdhéanta

Dul chun cinn le déanamh ar Chlár Tógála Scoile 2016-2021 leis an Roinn Oideachas agus Scileanna le haghaidh na scoileanna seo a leanas

- Coláiste Pobail Churrach an Eich Bhuí, an Cóbh
- Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh
- Coláiste Ghobnatan, Baile Mhuirne

Miontionscadail

Dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail faoi Scéimeanna na nOibreacha Samhraidh agus na nOibreacha Éigeandála de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Soláthar

Leanann BOO Chorcaí le clárú le Creataí Soláthair Oifig an Rialtais (OGP) de réir mar is cuí. Leanfar le réimsí de chaiteachas comhiomlánaithe, i gcás nach bhfuil creataí OGP ar fáil, a aithint i rith 2018 agus déanfar creataí BOOC a chur chun cinn sna réimsí sin. Tá dhá bhall foirne i Soláthar páirteach i dTeastas Soláthair trí ETBI/UCC, rud a chuirfidh feabhas breise ar ghairmiúlacht Soláthair in BOO Chorcaí.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	**Gníomhartha**	**Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)**	**Ceannaire**	**Urraitheoir**
4.1 A áirithiú go bhforbrófar bonneagar cuí chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil	→ Tionscadail fhaofa thógála scoileanna nua agus mhéadaithe scoileanna a thabhairt chun deiridh a luaithe is féidir → Leanfaimid le tosaíochtaí a aithint le haghaidh foirgneamh nua, méaduithe agus/nó feabhsuithe ar na foirgnimh atá ann cheana agus na hacmhainní riachtanacha a lorg go réamhghníomhach chun an méid sin a sheachadadh	• Coláiste an Chraoibhín • Naomh Colmán Mainistir na Corran • Coláiste an Easpaig McEgan (Aonad ASD), Maigh Chromtha, • Oibriúcháin chumasaithe Champas Pobail Charraig Uí Leighin Dul chun cinn a dhéanamh ar oibriúcháin ar scoileanna nua faofa agus ar thionscadail mhéadaithe scoileanna • Campas Oideachais Charraig Uí Leighin – Príomhthógáil de 3 scoil nua • Coláiste Davis, Mala - méadú • Coláiste Pobail Chloich na Coillte - méadú	Príomhoifigeach Cúnta	Stiúrthóir OSD

		• Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh • Coláiste Pobail San Brogan, Droichead na Bandan - méadú • Coláiste Pobail Áth an Chóiste, Céim 1		
	→ Faomhadh a iarraidh le haghaidh mórthionscadal caipitil breise a shainaithnítear mar chuid d'Infheistíocht Mhór an Rialtais 2016 go 2021 i dTógáil Scoileanna	• Coláiste Pobail Churrach an Eich Bhuí, an Cóbh • Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh • Coláiste Ghobnatan, Baile Mhuirne	Príomhoifigeach Cúnta	Stiúrthóir OSD
4.3 Tacaíocht a thabhairt do rialachas eitice chun cuntasacht agus luach ar airgead a áirithiú	→ Leanúint le struchtúir rialachais ar fud na heagraíochta a fhorbairt agus a fheabhsú gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas BOOnna agus de réir na gcaighdeán eitice is fearr	Beartais, Nósanna Imeachta agus Leibhéil Údaraithe um Cheannach agus Soláthar a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm	Grád VII	Príomhoifigeach Cúnta & Stiúrthóir OSD
	→ Déanfaimid athbhreithniú ar bhonn rialta ar chaiteachas BOO Chorcaí chun deiseanna soláthair a aithint chun luach ar airgead a áirithiú ar fud na heagraíochta	Réimsí Comhiomlánaithe a aithint, i gcás nach bhfuil Conarthaí nó Creataí OGP i bhfeidhm, agus cur chun cinn a dhéanamh ar sholáthar iomaíoch do BOOC sna réimsí seo.	Grád VII	Príomhoifigeach Cúnta & Stiúrthóir OSD

Rialachas

Tá an cód cleachtais nua maidir le rialachas BOOnna i bhfeidhm agus cuirtear leis tríd an athbhreithniú ar chórais agus ar chleachtais oibre agus trí fheabhas a chur ar an timpeallacht rialaithe inmheánach.

Bainistíocht Riosca

Leantar leis an straitéis bhainistíochta riosca agus athruithe cuí á gcur i bhfeidhm mar chuid de chlár athbhreithnithe leanúnach. Le linn 2018, déanfar an próiseas athbhreithnithe ráithiúil de réir mar is cuí.

Cosaint Sonraí

Beidh éifeacht ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i ngach Ballstát AE ar 25 Bealtaine, 2018. Chun an rialachán seo a chomhlíonadh, beidh méid suntasach acmhainní ag teastáil maidir le nósanna imeachta agus cleachtais reatha a phleanáil, a iniúchadh agus a athbhreithniú chun a áirithiú go ndéantar sonraí pearsanta na bpáirtithe leasmhara go léir a chosaint de réir na gcaighdeáin nua.

Sláinte, Sábháilteacht & Leas ag an Obair

Le linn 2018, déanfaidh BOO Chorcaí athbhreithniú ar an gcaoi a gcomhlíonann Coláistí agus Ionaid an tAcht/na hAchtanna Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa san Obair agus é ar an eolas faoi athruithe ar dhoiciméid atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta a ceapadh chun cuidiú le Coláistí lena gcomhlíonadh. Tá tionscnamh náisiúnta ar siúl freisin agus d'aontaigh BOO Chorcaí go mbeadh sé ar cheann de thrí shuíomh píolótacha chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh.

Chláraigh BOO Chorcaí freisin leis an Údarás Sláinte & Sábháilteachta don Tionscnamh Workpositive. Táthar ag súil go ndéanfar an clár seo a phíolótú i rith 2018.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	Gníomhartha	Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)	Ceannaire	Urraitheoir
4.3 Tacaíocht a thabhairt do rialachas eitice chun cuntasacht agus luach ar airgead a áirithiú	→ Déanfaimid na socruithe is gá chun comhlíonadh ár n-oibleagáidí cosanta sonraí a áirithiú, lena n-áirítear	Na hathruithe a theastaíonn maidir le comhlíonadh an GDPR nua a thiocfaidh i bhfeidhm ar 25 Bealtaine, 2018 a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Déanfar gach beartas, próiseas agus nós	Príomhoifigeach Cúnta	Stiúrthóir OSD

	Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)	imeachta maidir le bailiú agus próiseáil sonraí pearsanta a athbhreithniú agus a athchóiriú ar fud na heagraíochta. Cuirfear oiliúint chuí ar fáil don fhoireann ionas gur féidir leo cloí leis na ceanglais nua.		
	→ Leanfaimid lenár bpróisis a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus rialála a áirithiú	Straitéis a fhorbairt chun Sláinte agus Sábháilteacht a bhainistiú inár scoileanna agus inár n-ionaid go léir. Teimpléid a fhorbairt chun Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (SLAnna) agus Comhaontuithe Comhroinnte/Próiseála Sonraí le Tríú Páirtithe a bhainistiú Córas monatóireachta a fhorbairt chun comhlíonadh SLAnna a rianú agus a thaifeadadh	Príomhoifigeach Cúnta	Stiúrthóir OSD

Seirbhísí Corparáideacha

Bainistiú Léasanna

Leantar le léasanna a bhainistiú i leith líon na bhfoirgneamh atá ar léas anois ag an mBord agus béim ar leith ar bhunachar sonraí lárnach a bhunú in BOO Chorcaí i ndáil leis na gníomhaíochtaí go léir. Tá nósanna imeachta agus próisis chuí le cur ar bun in 2018 chun léasanna a bhainistiú atá le hathnuachan/le dul in éag.

Cosaint Sonraí

Beidh éifeacht ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i ngach Ballstát AE ar 25 Bealtaine, 2018. Cuirfear tús le hathbhreithniú ar dhoiciméadú cartlainne in 2018 chun comhlíonadh na rialachán nua agus comhlíonadh Sceideal Coinneála Sonraí BOO Chorcaí a áirithiú.

Margaíocht agus Brandáil

Cinnteoidh an Fheidhmeannacht, nuair is féidir, go ndéantar gach feachtas margaíochta a chomhordú go lárnach lena áirithiú go ndéantar feachtais chomhtháite a reáchtáil le branda BOO Chorcaí lárnach sna feachtais sin. Bainfear leas as gach deis a bheidh ar fáil chun BOO Chorcaí a chur chun cinn mar sholáthraí seirbhísí oideachais.

Nuair is cuí, cuirfear gnóthachtálacha na bhfoghlaimeoirí ó gach réimse soláthair ar taispeáint ag imeachtaí corparáideacha BOO.

Cuirfear gníomhaíochtaí uile an Choláiste/na Mac Léinn chun cinn trí mheáin shóisialta BOO Chorcaí agus leagfar béim ar éagsúlacht an tsoláthair agus gnóthachtálacha na mac léinn a léiriú.

Scéim na dTeangacha Gaeilge Oifigiúla

Cuirfear tús in 2018 leis an obair chun gach doiciméad a chur ar fáil sa Ghaeilge ar inlíon na foirne. Socrófar sínithe seoltaí ríomhphoist go huathoibríoch sa Cheannoifig le freagraí cuí ‘as an oifig’ chun ár dtiomantas faoin Scéim a léiriú.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	**Gníomhartha**	**Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)**	**Ceannaire**	**Urraitheoir**
4.3 Tacaíocht a thabhairt do rialachas eitice chun cuntasacht agus luach ar airgead a áirithiú	→ Leanfaimid le héifeachtúlachtaí a fheabhsú chun luach ar airgead a áirithiú sa bhainistiú de gach áitreabh BOO Chorcaí, ag teacht le Plean Seachadta Bainistíochta Sócmhainní Maoine an Rialtais	Tá nósanna imeachta agus próisis chuí le cur ar bun in 2018, lena n-áirítear clár lárnach léasanna, chun léasanna a bhainistiú atá le hathnuachan/le dul in éag.	Príomhoifigeach Cúnta	Stiúrthóir OSD
	→ Déanfaimid na socruithe is gá chun comhlíonadh ár n-oibleagáidí cosanta sonraí a áirithiú, lena n-áirítear Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)	Cuirfear tús in 2018 le hathbhreithniú agus ath-aicmiú na ndoiciméad cartlainne. Táthar ag súil go nglacfar tréimhse shuntasach ama leis an tionscadal seo agus beidh	Grád V	Príomhoifigeach Cúnta & Stiúrthóir OSD

		measúnacht leanúnach ag teastáil		
4.4 Branda láidir BOO Chorcaí inaitheanta a fhorbairt	→ Feachtas comhordaithe margaíochta agus brandála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht a ardú ar BOO Chorcaí mar eagraíocht agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn agus a sheachadann sé	Faoi dheireadh 2018 déanfar feachtas margaíochta comhordaithe a bhainistiú go lárnach do gach Coláiste PLC	Grád V	Stiúrthóir OSD
	→ Déanfaimid gnóthachtálacha ár bhfoghlaimeoirí agus ár bhfoireann a aithint agus a cheiliúradh mar bhealach chun cultúr sármhaitheasa a thacú agus a chothú	Faoi dheireadh 2018, cuirfear gnóthachtálacha na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí ar taispeáint ag roinnt imeachtaí BOO	Grád V	Stiúrthóirí
4.5 Córais chumarsáide inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt agus a fheabhsú	→ Déanfar gealltanais a thugtar i Scéim na dTeangacha Gaeilge Oifigiúla a sheachadadh laistigh de shaolré na scéime reatha	Faoi dheireadh 2018, beidh gach doiciméad ar fáil sa Ghaeilge ar inlíon na foirne. Socrófar sínithe seoltaí ríomhphoist go huathoibríoch sa Cheannoifig le freagraí cuí ‘as an oifig’ chun ár dtiomantas faoin Scéim a léiriú.	Príomhoifigeach Cúnta	Stiúrthóir OSD
	→ Bainfimid úsáid as na meáin shóisialta go dearfach agus go	Cuirfear gníomhaíocht uile an Choláiste/an Ionaid chun cinn go gníomhach trí	Grád V	Stiúrthóir OSD

	réamhghníomhach chun BOO Chorcaí agus a chuid seirbhísí a chur chun cinn	leathanaigh mheáin shóisialta BOO Chorcaí		

Acmhainní Daonna

Comhaontuithe Náisiúnta

Tá an tionchar ag socruithe feabhsaithe faoi chomhaontuithe náisiúnta éagsúla agus an cur i bhfeidhm de na socruithe sin fós ina ndúshláin don fhoireann sa Roinn Acmhainní Daonna. Tá castacht agus cineál na measúnuithe agus na ríomhanna riachtanacha maidir lena gcur chun feidhme dúshlánach i bhfianaise na n-acmhainní riaracháin sriantacha atá ar fáil don Bhord.

Seirbhísí Comhroinnte

Tá an bunú de chreat náisiúnta seirbhísí comhroinnte do BOOnna, a chlúdaíonn na feidhmeanna párolla agus airgeadais, á fhorbairt agus i bhfad chun cinn. Nuair a bhunófar é beidh tionchar aige ar an bpróifíl oibre reatha laistigh den Roinn Acmhainní Daonna. Faoi láthair níl aon dáta críochnaitheach ann maidir le tús a chur leis an tseirbhís náisiúnta, ach ceapadh ceannaire idirlinne agus cuireadh tús le hobair ar thús an tionscadail. Beidh bainistíocht na n-acmhainní a theastaíonn chun an tionscadal seo a sheachadadh thar a bheith dúshlánach, toisc go bhfuil na baill foirne sin a bheidh bainteach leis an tionscadal idirlinne ina bhaill shinsearacha de na foirne AD (agus Airgeadais) freisin, agus go bhfuil leibhéal suntasach freagrachta acu as oibríochtaí laethúla faoi láthair.

Cosaint Sonraí

Beidh tionchar suntasach ag na Rialacháin GDPR nua ar an roinn AD, de bharr na leibhéal ard sonraí pearsanta a ndéileáiltear leo. Cuireadh tús le hobair ar chórais agus nósanna imeachta a athbhreithniú lena chinntiú go gcomhlíonfaimid na ceanglais reachtúla nua.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	Gníomhartha	Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)	Ceannaire	Urraitheoir
2.1 Na daoine is fearr don eagraíocht a mhealladh agus a earcú	→ Leanfaimid lenár bpróisis agus cleachtais earcaíochta a athbhreithniú agus a fhorbairt lena	Croí-thairseach r-earcaíochta trí Ghaeilge a sholáthar chun freastal ar riachtanais na nGaelcholáistí	Grád VII Grád V feidhmeach	Príomhoifige ach Cúnta

	áirithiú go bhfuil siad solúbtha agus go bhfuil siad in oiriúint do riachtanais na heagraíochta → Déanfaimid tuilleadh forbartha ar ár gcórais chumhdaigh gearrthéarmacha foirne chun a áirithiú go mbeidh na daoine cearta ar fáil nuair is gá chun ár seirbhísí a sheachadadh go leanúnach	Córais fheabhsaithe fholúntais agus iarrtha chonartha chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú d'úsáideoirí scoile Prótacail nua a chur chun feidhme chun tús a chur le múinteoirí bunscoile a earcú d'fhonn tacú le Scoileanna Náisiúnta Pobail ina gcuid próiseas earcaíochta Buíon Iarrthóirí Feabhsaithe agus líon méadaithe iarratas ó NQTanna maidir le poist teagaisc chun cabhrú le fadhbanna soláthair múinteoirí Idirghníomhaíocht mhéadaithe le seirbhísí treorach gairme ollscoile chun deiseanna gairme BOO Chorcaí a chur chun cinn	Príomhoifigeach Cúnta	Stiúrthóir Scoileanna/FET
2.3 Timpeallacht dhearfach, ghairmiúil agus tacaíochta a sholáthar don fhoireann ar fad	→ Cinnteoimid go mbeidh rochtain ag gach ball foirne ar Chlár Cúnaimh Fostaíochta → Forbróimid córas inlín don fhoireann go léir chun rochtain ar fhaisnéis don fhoireann go léir a áirithiú → Beimid ag díriú ar thionscnaimh shonracha chun	Feasacht méadaithe ar Chlár Cúnaimh na bhFostaithe trí na seirbhísí atá ar fáil a chur chun cinn Úsáid ag an mBainistíocht as comhairle agus treoir atá ar fáil tríd an EAP nuair is cuí Beidh faisnéis spriocdhírithe agus ábhartha don roinn Acmhainní Daonna ar inlíon na foirne, ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna coitianta agus "céad ghlao" á chur ar fáil d'fhostaithe le ceisteanna a bhaineann lena gcuid fostaíochta	Príomhoifigeach Cúnta Grád VII Grád V feidhmeach	Stiúrthóir OSD Príomhoifigeach Cúnta Stiúrthóir OSD

		folláine na foirne a chur chun cinn agus rannpháirtíocht dhearfach ár bhfoireann ar fud na heagraíochta a spreagadh	"Work Positive" a chur i bhfeidhm tríd an HSA ar bhonn píolótach	Príomhoifigeach Cúnta	

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Leantar le teacht chun cinn ar an ról TFC i ngach gné de sheirbhísí BOO Chorcaí. Tháinig fás suntasach ar an tábhacht a bhaineann leis maidir le taca a chur faoi riarachán agus rialachas mar aon le teagasc agus foghlaim. Léirítear tábhacht agus forbairt leanúnach TFC ar fud ár gceithre théama straitéiseacha inár Ráiteas Straitéise agus éilítear leis ailíniú straitéiseach leis an gComhthéacs Náisiúnta. Tá deiseanna suntasacha ann anois chun an poitéinseal ag TFC i dteagasc agus i bhfoghlaim a úsáid, mar atá leagtha amach sa *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020* agus sa *Straitéis Foghlama Feabhsaithe ag Teicneolaíocht* do Bhreisoideachais.

Tá seachadadh na straitéisí seo bunaithe ar bhonneagar TFC slán iontaofa, a bhfuil an fhéidearthacht leis éifeachtúlachtaí riaracháin a sheachadadh freisin. Léiríonn na tosaíochtaí TFC laistigh den Phlean Seirbhíse BOOC do 2018 go bhfuil an tábhacht atá ag baint le TFC ag fás, agus fócas ar Straitéis TFC 4 bliana a fhorbairt, inlíon ar fud BOOC a sheachadadh do chumarsáid éifeachtach, comhoibriú agus faisnéis a scaipeadh, agus rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis sin, chomh maith lenár mBonneagair TFC a fhorbairt go straitéiseach chun cur chuige ‘cloud-first’, seirbhísí comhroinnte a léiriú maidir le seachadadh TFC.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	**Gníomhartha**	**Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)**	**Ceannaire**	**Urraitheoir**
1.4 Tiomantas d'fhoghlaim feabhsaithe ag teicneolaíocht chun tacú le foghlaim neamhspleách agus comhoibritheach	→ Forbróimid Plean Straitéiseach TFC do na hIonaid go léir agus cuirfimid tús lena cur chun feidhme. Cuirfidh sé seo san áireamh	Forbairt agus glacadh de Straitéis TFC a léiríonn Straitéisí TFC Náisiúnta don Oideachas agus don Oiliúint, lena n-áirítear *Straitéis Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíochta* do	Príomhoifigeach Cúnta	Stiúrthóir OSD, Scoileanna & FET

	Straitéisí Náisiúnta TFC d'Oideachas agus Oiliúint, lena n-áirítear an straitéis Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíocht a do Bhreisoideachas agus Oiliúint	Bhreisoideachas agus Oiliúint, an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020*, *Straitéis TFC do BOOnna* de chuid ETBI agus straitéisí uileghabhálacha an Rialtais maidir le seirbhísí 'cloud-first' agus seirbhísí comhroinnte. Forbróidh gach scoil Straitéis Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíochta de réir na dtreoirlínte náisiúnta Beidh infheistíocht TFC sa todhchaí i scoileanna bunaithe ar chur i bhfeidhm na straitéise seo	SMT Scoileanna	Stiúrthóir Scoileanna & Príomhoifigeach Cúnta
	→ Forbróimid straitéisí sonracha chun cur le hacmhainn ár scoileanna agus ár gcoláistí maidir le húsáid TFC mar uirlis theagaisc agus fhoghlama	Athbhreithniú ar bhonneagar TFC inár Scoileanna agus inár nIonaid i gcomhar le chéile le straitéisí digiteacha/pleanann a ríomhfhoghlama a fhorbairt i scoileanna chun a chinntiú go mbeidh Bonneagar TFC slán iontaofa againn chun tacú le leabú leanúnach TFC i gcúrsaí riaracháin, teagaisc, foghlama agus measúnaithe	Príomhoifigeach Cúnta	Stiúrthóir OSD, Scoileanna & FET
2.4 Timpeallacht dhearfach, ghairmiúil agus tacaíochta a sholáthar don fhoireann ar fad	→ Forbróimid córas inlín don fhoireann go léir chun rochtain ar fhaisnéis don fhoireann go léir a áirithiú	Dul beo le hinlíon chun cumarsáid éifeachtach agus rochtain ar fhaisnéis a éascú don fhoireann go léir agus do na hionaid go léir.	Príomhoifigeach Cúnta	Stiúrthóir OSD

Airgeadas

Tá an bord ag feidhmiú fós de réir riachtanas rialála agus reachtaíochta mar aon le dea-chleachtas. Déanfar dul chun cinn maidir le soláthar de Chóras Íocaíochta d'Fhoghlaimeoirí i gcomhar le hOifig Bainistíochta Tionscadail na Roinne Oideachais agus Scileanna, d'fhonn é a chur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2018 amach.

Tá dul chun cinn á dhéanamh go náisiúnta ar chóras áirithinte agus íocaíochta TF d'Ionaid Oideachais Allamuigh, d'fhonn é a chur i bhfeidhm i rith 2018. Déanfar athbhreithniú i rith 2018 ar na cleachtais agus ar na córais TF maidir le táillí PLC a bhainistiú, mar aon le hoiliúint riachtanach d'úsáideoirí.

Déanfar athbhreithniú iomlán ar oibriú na gcuntas bainc scoile, agus déanfar riachtanais na scoile maidir le Mionairgead/Cártaí Ceannacháin le linn 2018, d'fhonn réiteach comhchoiteann a chur i bhfeidhm ar fud BOO Chorcaí.

Tosaíochtaí Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht trí sheachadadh de Phlean Seirbhíse

Tosaíochtaí 2017 – 21 (Cuir isteach Uimh Tosaíochta)	Gníomhartha	Torthaí ionchais do 2018 (i gcás seirbhísí ar liosta na bliana acadúla do 2017/2018)	Ceannaire	Urraitheoir
2.2 Tacú le forbairt ghairmiúil ár ndaoine	→ Déanfaimid cultúr d'fhorbairt agus de thacaíocht ghairmiúil a chothú don fhoireann ar fad tríd an soláthar dírithe de thionscnaimh fhoghlama agus fhorbartha chuí chun a gcuid eolais agus cumais a fheabhsú agus a fhorbairt	Réiteach agus Bainistiú ar Tháillí PLC lena n-áirítear Oiliúint Foirne	Grád VII	Príomhoifigeach Cúnta
4.1 A áirithiú go bhforbrófar bonneagar cuí chun an úsáid is fearr a	→ Leanfaimid le córas TFC a athbhreithniú chun a áirithiú go bhfuil siad iomchuí,	Córas Íocaíochta d'Fhoghlaimeoirí a chur i bhfeidhm	Grád VII / Grád V Grád VII	Príomhoifigeach Cúnta Príomhoifigeach Cúnta

bhaint as na hacmhainní atá ar fáil	oiriúnach don fheidhm, slán agus go seachadann siad éifeachtúlachtaí do gach úsáideoir	Réitigh Áirithinte agus Íocaíochta TF d'Ionaid Oideachais Allamuigh a chur i bhfeidhm Réiteach agus Bainistiú ar Tháillí PLC - Córais TF agus Oiliúint Foirne a Fheabhsú	Grád VII	Príomhoifigeach Cúnta
4.3 Tacaíocht a thabhairt do rialachas eitice chun cuntasacht agus luach ar airgead a áirithiú	→ Córais chuntasaíocht a bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais a fheabhsú chun tacú le cinnteoireacht níos fearr sna Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna	Athbhreithniú ar Chuntais Bhainc Scoile, agus réiteach do Mhionairgead/Cárta Dochair/Cárta Ceannacháin ó lá go lá	Grád VII	Príomhoifigeach Cúnta

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta

	Figiúr Réamh-mheasta don Bhliain dar críoch an 31/12/2018 €	*Dréachtfhigiúr don bhliain dar críoch an 31/12/2017 €
FÁLTAIS		
Deontais Scoileanna agus Cheannoifige	116,739,592	111,426,674
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	49,485,139	48,993,043
Deontais Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn	0	30,015
Deontais Seirbhísí don Ógra	4,500,000	4,433,476
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	9,596,860	9,563,074
Caipiteal	15,000,000	12,463,254
	195,321,591	186,909,536
ÍOCAÍOCHTAÍ		
Scoileanna agus Ceannoifig	117,200,000	110,580,479
Breisoideachas agus Oiliúint	49,485,000	50,214,171
Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn	0	27,870
Seirbhísí don Ógra	4,975,700	3,770,780
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	9,596,860	9,543,457
Caipiteal	15,000,000	12,946,657
	196,257,560	187,083,414
Barrachas/(Easnamh) Airgid don Tréimhse	(935,969)	(173,878)

***Neamhiniúchta**

Sínithe: **Dáta: 19/04/2018**

An Comh. Patrick Gerard Murphy

Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí